Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2020/0279(COD)

11.10.2021

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena leasaítear Treoir (CE) 2003/109 ón gComhairle agus Rialachán (AE) XXX/XXX atá beartaithe [an Ciste Tearmainn agus Imirce]
(COM(2020)0610 – C9-0309/2020 – 2020/0279(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Tomas Tobé

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena leasaítear Treoir (CE) 2003/109 ón gComhairle agus Rialachán (AE) XXX/XXX atá beartaithe [an Ciste Tearmainn agus Imirce]
(COM(2020)0610 – C9-0309/2020 – 2020/0279(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0610),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 78(2)(e) agus d'Airteagal (2)(a)(b) agus (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0309/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na hIodáile, Parlaimint na hUngáire agus Parlaimint na Slóvaice, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Feabhra 2021[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 19 Márta 2021[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintúil;

3. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

[1] IO C 155, 30.4.2021, lch. 58.
[2] IO C 175, 7.5.2021, lch. 32.

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina rannchuidiú leis an gcur chuige cuimsitheach sin trí chreat comhchoiteann a leagan amach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát i réimse na mbeartas maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, trí phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta a léiriú go mion i gcomhréir le hAirteagal 80 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh, inter alia, chun rochtain ar chosaint idirnáisiúnta agus ar dhálaí glactha leordhóthanacha a sholáthar dóibhsean atá i ngátar, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha maidir leis an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chumasú, chun náisiúnaigh tríú tír atá i láthair go neamhdhleathach a fhilleadh, chun imirce neamhrialta agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe eatarthu a chosc, agus chun tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit eile i bhfoirm ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta, mar an rannchuidiú dá gcuid leis an gcur chuige cuimsitheach.	(3) Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina rannchuidiú leis an gcur chuige cuimsitheach sin trí chreat comhchoiteann a leagan amach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát i réimse na mbeartas maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, trí phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta ***a chaomhnú agus*** a léiriú go mion i gcomhréir le hAirteagal 80 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh, *inter alia*, chun rochtain ar chosaint idirnáisiúnta agus ar dhálaí glactha leormhaithe a sholáthar dóibhsean atá i ngátar, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha maidir leis an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chumasú, chun náisiúnaigh tríú tír atá i láthair go neamhdhleathach a fhilleadh, chun imirce neamhrialta agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe eatarthu a chosc, agus chun tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit eile i bhfoirm ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta, mar an rannchuidiú dá gcuid leis an gcur chuige cuimsitheach.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ba cheart don chreat comhchoiteann bainistiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus bainistiú an bheartais imirce a thabhairt le chéile. Ba	(4) Ba cheart don chreat comhchoiteann bainistiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus bainistiú an bheartais imirce a thabhairt le chéile. Ba

cheart é a bheith mar chuspóir leis an mbeartas imirce a áirithiú go ndéanfar sreabha imirce a bhainistiú go héifeachtúil, go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dlíthiúil sna Ballstáit, go ndéanfar imirce neamhdhleathach agus smuigleáil imirceach a chosc agus go ndéanfar bearta feabhsaithe chun iad a chomhrac.	cheart é a bheith mar chuspóir leis an mbeartas imirce a áirithiú go ndéanfar sreabha imirce a bhainistiú go héifeachtúil, go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh tríú tír atá ***ag cur isteach ar chosaint idirnáisiúnta nó*** ina gcónaí go dleathach sna Ballstáit, go ***ndéanfar na náisiúnaigh tríú tír sin nach gcomhlíonann na coinníollacha chun cónaí ar chríoch na mBallstát a fhilleadh go héifeachtúil, go*** ndéanfar imirce neamhdhleathach agus smuigleáil imirceach a chosc agus go ndéanfar bearta feabhsaithe chun iad a chomhrac***, i gcomhréir le hAirteagal 79(1), (2) agus (3) CFAE***.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ***Agus cur chuige straitéiseach á ghlacadh aige, ba*** cheart don Choimisiún Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce a ghlacadh maidir le beartais maidir le bainistiú tearmainn agus imirce a chur chun feidhme. Ba cheart don Straitéis a bheith bunaithe ar thuarascálacha agus anailísí ábhartha a dhéanfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus ar straitéisí náisiúnta na mBallstát.	(8) ***Ba*** cheart don Choimisiún Straitéis Eorpach ***fhadtéarmach*** um Bainistiú Tearmainn agus Imirce ***(an 'Straitéis')*** a ghlacadh maidir le beartais bainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme. Ba cheart don Straitéis a bheith bunaithe ar thuarascálacha agus anailísí ábhartha a dhéanfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus ar straitéisí náisiúnta na mBallstát.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(11) ***Ag tabhairt ar aird*** a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil an tAontas réidh le coigeartú, agus in ann chuige, le haghaidh réadúlachtaí an bhainistithe tearmainn agus imirce, a bhíonn ag forbairt agus ag athrú, ba cheart don Choimisiún Tuarascáil ***ar Bhainistiú Imirce*** a ghlacadh ***go bliantúil, tuarascáil ina leagfaí*** amach an éabhlóid is dócha a thiocfaidh a staid na himirce agus ullmhacht an Aontais agus na mBallstát freagairt di agus iad féin a oiriúnú di. Ba cheart torthaí an tuairiscithe ar fhaireachán dá bhforáiltear sna straitéisí náisiúnta a chun san áireamh sa Tuarascáil freisin agus ba cheart feabhsuithe a mholadh i gcás inar léir go bhfuil laigí ann.	(11) ***I bhfianaise*** a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil an tAontas réidh le coigeartú, agus in ann chuige, le haghaidh réadúlachtaí an bhainistithe tearmainn agus imirce, a bhíonn ag forbairt agus ag athrú, ba cheart don Choimisiún ***tuarascáil bhliantúil staide*** a ghlacadh***, lena n-áirítear meastóireacht ar a Straitéis. Ba cheart a leagan*** amach ***freisin sa tuarascáil bhliantúil staide, inter alia,*** an éabhlóid is dócha a thiocfaidh ar staid na himirce agus ullmhacht an Aontais agus na mBallstát freagairt di agus iad féin a oiriúnú di. Ba cheart torthaí an tuairiscithe ar fhaireachán dá bhforáiltear sna straitéisí náisiúnta a chun san áireamh sa ***tuarascáil bhliantúil staide*** freisin agus ba cheart feabhsuithe a mholadh i gcás inar léir go bhfuil laigí ann.
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí is gá ann chun cuidiú leis na Ballstáit agus iad ag déileáil leis na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr náisiúnaigh tríú tír ar iarratasóirí leochaileacha ar chosaint idirnáisiúnta iad a bheith i láthair ina gcríoch, is cuma cén dóigh a dtáinig siad thar na teorainneacha seachtracha, ba cheart a léiriú sa Tuarascáil freisin má bhíonn ar na Ballstáit ***i gceist*** aghaidh a thabhairt ar na dhúshláin sin. ***Ba cheart do na Ballstáit sin a bheith in ann brath ar an 'gcomhthiomsú dlúthpháirtíochta' chun daoine leochaileacha a athshocrú.***	(12) Chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí is gá ann chun cuidiú leis na Ballstáit agus iad ag déileáil leis na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr náisiúnaigh tríú tír ar iarratasóirí leochaileacha ar chosaint idirnáisiúnta iad a bheith i láthair ina gcríoch, is cuma cén dóigh a dtáinig siad thar na teorainneacha seachtracha, ba cheart a léiriú sa tuarascáil ***bhliantúil staide*** freisin má bhíonn ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dhúshláin sin.
	Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) I bhfianaise na staide imirce atá ag athrú go tapa le déanaí, as ar eascair dúshláin chasta imirce agus brú suntasach imirce ar Bhallstáit aonair feadh theorainn sheachtrach an Aontais, is gá sásra nua a thabhairt isteach nuair atá Ballstát i mbaol brú imirce. Ba cheart a chur san áireamh i sásra den sórt sin freagairt mhear agus chuimsitheach ón gCoimisiún agus ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais chun tacaíocht oibríochtúil, dhlíthiúil, taidhleoireachta agus airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit lena mbaineann chun an riosca brú imirce a laghdú.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Chun an comhar le tríú tíortha ***sa réimse a bhaineann le*** náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh ***agus a athligean isteach***, ní mór sásra nua a fhorbairt***, lena n-áirítear*** gach beartas agus uirlis ábhartha de chuid an Aontais**,** chun feabhas a chur ar chomhordú na ngníomhaíochtaí éagsúla a fhéadfaidh an tAontas agus na Ballstáit a dhéanamh i réimsí beartais éagsúla seachas an imirce. Leis an sásra sin ba cheart cur leis an anailís a dhéantar i gcomhréir le Rialachán (AE) 810/2019 ó Pharlaimint na	(15) Chun an comhar le tríú tíortha ***i réimsí an bhainistithe teorann agus imirce a neartú, lena n-áirítear*** náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, ní mór sásra nua a fhorbairt***. Ba cheart go gcuirfear san áireamh sa sásra sin*** gach beartas agus uirlis ábhartha de chuid an Aontais, chun feabhas a chur ar chomhordú na ngníomhaíochtaí éagsúla a fhéadfaidh an tAontas agus na Ballstáit a dhéanamh i réimsí beartais éagsúla seachas an imirce. Leis an sásra sin ba cheart cur leis an

hEorpa agus ón gComhairle[38] nó le haon fhaisnéis eile atá ar fáil, agus ba cheart caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír a chur san áireamh. Ba cheart an sásra sin a bheith ina thaca le hurraíocht ar an bhfilleadh a chur chun feidhme freisin.	anailís a dhéantar i gcomhréir le Rialachán (AE) 810/2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] nó le haon fhaisnéis eile atá ar fáil, agus ba cheart caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír a chur san áireamh. Ba cheart an sásra sin a bheith ina thaca le hurraíocht ar an bhfilleadh a chur chun feidhme freisin.
[38] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.	[38] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) Chun an sásra a chur chun feidhme, ba cheart don Aontas an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38a] a chur i bhfeidhm go hiomlán, agus go mbeadh 10 % ar a laghad de bhuiséad iomlán na hionstraime sin tiomnaithe go sonrach do ghníomhaíochtaí a thacaíonn le bainistiú agus rialachas na himirce agus an easáitithe éigeantaigh.
	[38a] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear

Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15b) Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa sásra rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2020 maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht forbartha agus ar éifeachtúlacht cabhrach.[38b]
	[38b] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ós rud é gur gá feidhmiú rianúil an tsásra dlúthpháirtíochta a bhunaítear leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart don Choimisiún Fóram Dlúthpháirtíochta a mbeidh na hionadaithe ar gach Ballstát ina mbaill de a bhunú agus a thionól.	***scriosta***

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) I bhfianaise shaintréithe sonracha na ndíbhordálacha a tharlaíonn i gcomhthéacs oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ***a dhéanann na Ballstáit nó eagraíochtaí príobháideacha i gcomhthéacs na himirce***, ***pé acu faoi threoir ó Bhallstáit nó*** go ***huathrialach é,*** ba cheart ***foráil a dhéanamh*** leis an Rialachán seo ***maidir le próiseas sonrach is infheidhme maidir le daoine a dhíbhordáiltear tar éis*** na ***n-oibríochtaí sin gan beann ar bhrú imirce*** a ***bheith ann nó gan a bheith***.	(18) I bhfianaise shaintréithe sonracha ***agus nádúr athfhillteach*** na ndíbhordálacha a tharlaíonn i gcomhthéacs oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, ba cheart ***go gcuirfí san áireamh*** go ***háirithe*** leis an Rialachán seo ***leochaileacht*** na ***ndaoine*** a ***thagann ó dhíbhordálacha***.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) I bhfianaise chineál athfhillteach na ndíbhordálacha ó oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar na bealaí imirce éagsúla, ba cheart a leagan amach sa Tuarascáil bhliantúil ar Bhainistiú Imirce na réamh-mheastacháin ghearrthéarmacha ar dhíbhordálacha a bhfuil coinne leo le haghaidh na n-oibríochtaí sin agus an fhreagairt dlúthpháirtíochta a bheadh ag teastáil chun rannchuidiú le riachtanais na mBallstát díbhordála. Ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar comhthiomsú de bhearta dlúthpháirtíochta (‘an comhthiomsú dlúthpháirtíochta’) d’fhonn cúnamh a thabhairt don Bhallstát díbhordála aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na ndíbhordálacha sin. Ba	***scriosta***

cheart d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil faoi réir an nóis imeachta teorann a bheith san áireamh maidir leis na bearta sin, nó le bearta i réimse an neartaithe inniúlachta i réimse an tearmainn, an ghlactha agus an fhillte, nó le tacaíocht oibríochtúil, nó le bearta sa ghné sheachtrach.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun freagairt phrapúil a thabhairt ar an staid shonrach tar éis díbhordálacha ó oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ó Ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, éascú a dhéanamh ar athshuíomh tráthúil na n-iarratasóirí incháilithe ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil faoi réir an nóis imeachta teorann. Faoi chomhordú an Choimisiúin, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta liosta na ndaoine atá incháilithe le hathshuíomh a tharraingt suas agus dáileadh na ndaoine sin i measc na mBallstát is rannchuidithe á léiriú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Ba cheart daoine a dhíbhordálfar a dháileadh ar na Ballstáit ar bhealach comhréireach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Ba cheart ranníocaíocht fhoriomlán gach Ballstáit leis an gcomhthiomsú dlúthpháirtíochta a chinneadh le sonrúcháin ó na Ballstáit maidir leis na bearta lenar mian leo rannchuidiú. I gcás nach bhfuil ranníocaíochtaí na mBallstát leordhóthanach chun foráil a dhéanamh maidir le freagairt dlúthpháirtíochta inbhuanaithe, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach líon iomlán na náisiúnach tríú tír a chumhdófar le hathshocrú agus an sciar den líon a dháilfear ar gach Ballstát a ríomhfar de réir eochair leithdháilte bunaithe ar dhaonra agus ar olltáirgeacht intíre gach Ballstáit. Maidir le líon iomlán na ndaoine athlonnaithe arna shainaithint sa Tuarascáil ar Bhainistiú Imirce, i gcás ina mbeadh gannchion níos mó ná 30 % díobh ann de réir na dtásc ó na Ballstáit maidir le bearta a dhéanamh i réimse na hacmhainne nó sa ghné sheachtrach, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann ranníocaíochtaí na mBallstát sin a choigeartú agus ina dhiaidh sin ba cheart do na Ballstáit sin leath dá sciar arna shainaithint de réir na heochrach leithdháilte a thabhairt trí mheán an athshocraithe nó, nuair a thugtar sin le fios, le hurraíocht ar an	***scriosta***

bhfilleadh.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Chun a áirithiú go mbeidh bearta tacaíochta ar fáil i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar staid shonrach na ndíbhordálacha ó oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme leasaithe a ghlacadh lena n-imreofaí méadú 50 % ar líon iomlán na ranníocaíochtaí i gcás ina n-ídeofaí le líon na ndíbhordálacha tar éis oibríocht chuardaigh agus tarrthála 80 % de linnte comhthiomsaithe dlúthpháirtíochta na mBallstát is tairbhithe.	***scriosta***

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Leis an sásra dlúthpháirtíochta ba cheart aghaidh a thabhairt ***freisin*** ar chásanna ina mbeadh brú imirce ann***, go háirithe*** i gcás na mBallstát sin atá faoi lé bhrú imirce nó gur dóchúil iad a bheith faoi lé bhrú imirce ***de bharr an tsuímh gheografaigh atá acu***. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ghlacadh ina sainaithneofaí an bhfuil Ballstát faoi bhrú imirce agus ina leagfaí amach na bearta lena bhféadfaí tacú leis an	(24) Leis an sásra dlúthpháirtíochta ba cheart aghaidh a thabhairt ar chásanna ina mbeadh brú imirce ann i gcás na mBallstát sin atá faoi lé bhrú imirce nó gur dóchúil iad a bheith faoi lé bhrú imirce. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ghlacadh ina sainaithneofaí an bhfuil Ballstát faoi bhrú imirce agus ina leagfaí amach na bearta lena bhféadfaí tacú leis an mBallstát sin agus aghaidh á tabhairt aige ar staid an bhrú imirce. ***Sula nglacfaidh sé***

mBallstát sin agus aghaidh á tabhairt aige ar staid an bhrú imirce.

an tuarascáil, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle freisin leis na Ballstáit is rannchuiditheoirí chun tosaíocht a thabhairt do bhearta deonacha.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ba cheart bearta a chur san áireamh sa sásra dlúthpháirtíochta maidir le comhroinnt chóir freagrachta agus cothromaíocht iarrachta idir na Ballstáit i réimse an fhillte a chur chun cinn freisin. Trí urraíocht ar an bhfilleadh, ba cheart do Bhallstát a bheith tiomanta tacú le Ballstát atá faoi bhrú imirce agus é i mbun na ngníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, i bhfianaise gurb é an Ballstát is tairbhí a leanfaidh de bheith freagrach as an bhfilleadh a chur i gcrích fad atá na daoine i láthair ina chríoch. I gcás nach raibh rath ar na gníomhaíochtaí sin tar éis tréimhse 8 mí, ba cheart do na ***Ballstáit is urraitheoirí*** na daoine sin a aistriú ***i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo agus ba cheart dóibh*** Treoir 2008/115/CE ***a chur i bhfeidhm***; ***más ábhartha, féadfaidh*** na Ballstáit aitheantas a thabhairt don chinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag an mBallstát is tairbhí agus Treoir 2001/40 ón gComhairle[39] á cur i bhfeidhm. Ba cheart d'urraíocht ar an bhfilleadh a bheith ina cuid de chóras coiteann an Aontais maidir le filleadh, lena n-áirítear an tacaíocht oibríochtúil a sholáthraítear tríd an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus cur i bhfeidhm an tsásra chomhordúcháin chun comhar	(27) Ba cheart bearta a chur san áireamh sa sásra dlúthpháirtíochta chun comhroinnt chóir freagrachta agus cothromaíocht iarrachta idir na Ballstáit i réimse an fhillte a chur chun cinn freisin. Trí urraíocht ar an bhfilleadh, ba cheart do Bhallstát a bheith tiomnaithe do thacú le Ballstát atá faoi bhrú imirce agus é i mbun na ngníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, i bhfianaise gurb é an Ballstát is tairbhí a leanfaidh de bheith freagrach as an bhfilleadh a chur i gcrích fad atá na daoine i láthair ina chríoch. I gcás ***ina bhfuil urraíocht ar an bhfilleadh tiomnaithe ag an mBallstát is rannchuiditheoir i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit is tairbhí, agus*** nach raibh rath ar na gníomhaíochtaí sin tar éis tréimhse 8 mí, ba cheart don Bhallstát ***is rannchuiditheoir*** na daoine sin a aistriú ***chuig a chríoch agus leanúint leis an nós imeachta chun iad a fhilleadh, i gcomhréir le*** Treoir 2008/115/CE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[38b] Ba cheart do*** na Ballstáit aitheantas a thabhairt don chinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag an mBallstát is tairbhí agus Treoir 2001/40 ón gComhairle[39] á cur i bhfeidhm. Ba cheart d'urraíocht ar an bhfilleadh a bheith ina

éifeachtach le tríú tíortha i réimse an fhillte agus an athligean isteach a chur chun cinn.

cuid de chóras coiteann an Aontais maidir le filleadh, lena n-áirítear an tacaíocht oibríochtúil a sholáthraítear tríd an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus cur i bhfeidhm an tsásra chomhordúcháin chun comhar éifeachtach le tríú tíortha i réimse an fhillte agus an athligean isteach a chur chun cinn.

[38b] Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98)

[39] Treoir 2001/40/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a dhíbirt, IO L 149, 2.6.2001, lch. 34.

[39] Treoir 2001/40/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a dhíbirt, IO L 149, 2.6.2001, lch. 34.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) ***Sa Tuarascáil ar Bhainistiú Imirce, i gcás ina sainaithnítear*** riachtanais i mBallstát atá faoi bhrú imirce i réimse na mbeart inniúlachta maidir le tearmann, glacadh agus filleadh nó sa ghné sheachtrach, ba cheart go mbeadh na Ballstáit is ranníocóirí in ann ranníocaíochtaí a thabhairt i leith na riachtanas sin seachas urraíocht ar an athshocrú ***nó*** ar an bhfilleadh. ***Chun a áirithiú go mbeidh na ranníocaíochtaí sin i gcomhréir le sciar an Bhallstáit is ranníocóir, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann na ranníocaíochtaí sin a***	(29) ***I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún*** riachtanais i mBallstát atá faoi bhrú imirce i réimse na mbeart inniúlachta maidir le tearmann, glacadh agus filleadh nó sa ghné sheachtrach, ba cheart go mbeadh na Ballstáit is rannchuiditheoirí in ann rannchuidiú ***ag a bhfuil tionchair*** a thabhairt i leith na riachtanas sin seachas urraíocht ar an athshocrú ***nó*** ar an bhfilleadh ***nó clásal lánroghnach a chur i bhfeidhm***.

mhéadú nó a laghdú leis an ngníomh cur chun feidhme. Líon riachtanach na ndaoine atá le hathshuíomh nó atá faoi réir urraíocht ar an bhfilleadh, i gcás ina mbeadh gannchion níos mó ná 30 % díobh ann mar thoradh ar na tásca ó na Ballstáit maidir le bearta a dhéanamh i réimse na hacmhainne nó sa ghné sheachtrach, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann ranníocaíochtaí na mBallstát sin a choigeartú chun a áirithiú go dtugann siad leath dá sciar d'urraíocht ar an athshocrú nó ar an bhfilleadh.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Chun freagairt dlúthpháirtíochta chuimsitheach éifeachtach a áirithiú ***agus chun soiléireacht a thabhairt do*** na Ballstát ***a fhaigheann tacaíocht***, ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ranníocaíochtaí atá le déanamh ag gach Ballstát. Ba cheart do na ranníocaíochtaí sin a bheith bunaithe i gcónaí ar na cineálacha ranníocaíochta a léirigh an Ballstát lena mbaineann sa phlean um fhreagairt dlúthpháirtíochta, ach amháin sa chás nár chuir an Ballstát sin plean isteach. Sna cásanna sin, ba cheart don Choimisiún na bearta a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme le haghaidh an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh.	(30) Chun freagairt dlúthpháirtíochta chuimsitheach éifeachtach a áirithiú i gcás ***nach gcomhlíonann na rannchuidithe deonacha a léirigh na Ballstáit is rannchuiditheoirí riachtanais an Bhallstáit atá faoi bhrú imirce***, ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na rannchuidithe atá le déanamh ag gach Ballstát ***chun na riachtanais atá fágtha a chomhlíonadh***. Ba cheart do na rannchuidithe sin a bheith bunaithe i gcónaí ar na cineálacha rannchuidithe a léirigh an Ballstát lena mbaineann sa phlean um fhreagairt dlúthpháirtíochta, ach amháin sa chás nár chuir an Ballstát sin plean isteach. Sna cásanna sin, ba cheart don Choimisiún na bearta a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme le haghaidh an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Mar thoradh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó bhaill aon teaghlaigh amháin a bheith á bpróiseáil le chéile ag Ballstát amháin, ba cheart a bheith in ann a áirithiú go scrúdófar na hiarratais go críochnúil, go mbeidh na cinntí a dhéanfar ina leith comhsheasmhach agus nach scarfar baill aon teaghlaigh amháin óna chéile.	(46) Mar thoradh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó bhaill aon teaghlaigh amháin a bheith á bpróiseáil le chéile ag Ballstát amháin, ba cheart a bheith in ann a áirithiú go scrúdófar na hiarratais go críochnúil, go mbeidh na cinntí a dhéanfar ina leith comhsheasmhach agus nach scarfar baill aon teaghlaigh amháin óna chéile***, rud a d'fhéadfaí gluaiseachtaí neamhúdaraithe a laghdú***.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ba cheart siblíní an iarratasóra a chuimsiú sa sainmhíniú ar bhall teaghlaigh sa Rialachán seo. Tá sé ríthábhachtach siblíní a athaontú chun an dóchúlacht gur féidir iarratasóirí a imeascadh a fheabhsú agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe á laghdú dá bharr sin. Ba cheart fíorthreochtaí imirce an ama i láthair a chur san áireamh i raon feidhme an tsainmhínithe ar bhall teaghlaigh freisin, is é sin gur minic a shroicheann iarratasóirí críoch na mBallstát tar éis dóibh tréimhse fhada a chaitheamh faoi bhealach. Teaghlaigh a bunaíodh lasmuigh den tír tionscnaimh ach sular baineadh amach críoch an Bhallstáit, ba cheart iad a chuimsiú sa sainmhíniú dá bhrí sin. Tríd an leathnú teoranta spriocdhírithe sin ar raon feidhme an tsainmhínithe, meastar go laghdófar an dreasacht atá ann d'iarrthóirí	(47) Ba cheart siblín nó siblíní an iarratasóra a chuimsiú sa sainmhíniú ar bhall teaghlaigh sa Rialachán seo***, ar choinníoll gur mionaoiseach an t-iarratasóir***. Tá sé ríthábhachtach siblíní a athaontú chun an dóchúlacht gur féidir iarratasóirí a imeascadh a fheabhsú agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe á laghdú dá bharr sin. Ba cheart fíorthreochtaí imirce an ama i láthair a chur san áireamh i raon feidhme an tsainmhínithe ar bhall teaghlaigh freisin, is é sin gur minic a shroicheann iarratasóirí críoch na mBallstát tar éis dóibh tréimhse fhada a chaitheamh faoi bhealach. Teaghlaigh a bunaíodh lasmuigh den tír tionscnaimh ach sular baineadh amach críoch an Bhallstáit, ba cheart iad a chuimsiú sa sainmhíniú dá bhrí sin***, ar choinníoll go bhfuil nasc teaghlaigh cruthaithe go soiléir ann***. Tríd

áirithe tearmainn gluaiseachtaí neamhúdaraithe a dhéanamh laistigh den Aontas.	an leathnú teoranta spriocdhírithe sin ar raon feidhme an tsainmhínithe, meastar go laghdófar an dreasacht atá ann d'iarrthóirí tearmainn gluaiseachtaí neamhúdaraithe áirithe a dhéanamh laistigh den Aontas.

Or. en

Réasúnú

Maidir le ' nasc teaghlaigh atá cruthaithe go soiléir', tá critéir chomhchosúla in Airteagal 3.3 den Treoir um Athaontú Teaghlaigh: 'caidreamh cobhsaí fadtéarmach a bhfuil fianaise iomchuí leis'

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) D'fhonn a áirithiú go n-urramófar ina iomláine prionsabal aontachta an aonaid teaghlaigh agus d'fhonn sárleasanna an linbh a áirithiú, ba cheart an gaol cleithiúnachta idir an t-iarratasóir agus a leanbh, a shiblín nó a thuismitheoir mar gheall ar thoircheas nó máithreachas, sláinte nó seanaois an iarratasóra a bheith ina chritéar freagrachta ceangailteach. Nuair is mionaoiseach neamhthionlactha an t-iarratasóir, ba cheart ball teaghlaigh nó gaol atá in ann aire a thabhairt dó agus atá i láthair ar chríoch Ballstáit eile a bheith ina chritéar freagrachta ceangailteach freisin. D'fhonn gluaiseachtaí neamhúdaraithe mionaoiseach neamhthionlactha a dhíspreagadh, gluaiseachtaí nach chun a leasa iad, nuair nach bhfuil ball den teaghlach ná gaol i láthair is é an Ballstát ba cheart a bheith freagrach an Ballstát inar cláraíodh iarratas an mhionaoisigh neamhthionlactha ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair, ach amháin i gcás ina léirítear nach bhfuil sé sin chun sárleasanna an linbh. Roimh dó mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú chuig Ballstát	(48) Chun a áirithiú go n-urramófar ina iomláine prionsabal aontachta an aonaid teaghlaigh agus ar mhaithe le leasanna an linbh a áirithiú, ba cheart an gaol cleithiúnachta idir an t-iarratasóir agus a leanbh, a shiblín nó a thuismitheoir mar gheall ar thoircheas nó máithreachas, sláinte nó seanaois an iarratasóra a bheith ina chritéar freagrachta ceangailteach. Nuair is mionaoiseach neamhthionlactha an t-iarratasóir, ba cheart ball teaghlaigh nó gaol atá in ann aire a thabhairt dó agus atá i láthair ar chríoch Ballstáit eile a bheith ina chritéar freagrachta ceangailteach freisin. Chun gluaiseachtaí neamhúdaraithe mionaoiseach neamhthionlactha a dhíspreagadh, gluaiseachtaí nach chun a leasa iad, nuair nach bhfuil ball den teaghlach ná gaol i láthair, is é an Ballstát inar cláraíodh iarratas an mhionaoisigh neamhthionlactha ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair ba cheart a bheith freagrach, ach amháin i gcás ina léirítear nach bhfuil sé sin chun leasanna an linbh. ***Níor cheart a mheas go neamhspleách go gcuireann cinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag***

eile, ba cheart don Bhallstát a dhéanann an t-aistriú a áirithiú go ndéanfaidh an Ballstát sin gach beart is iomchuí agus is gá chun cosaint leordhóthanach an linbh a áirithiú, agus, go háirithe, chun go ndéanfar ionadaí nó ionadaithe a cheapadh go pras a mbeidh sé de chúram air nó orthu urraim na gceart ar fad a bhfuil an leanbh ina dteideal a chosaint. Sula ndéanfar cinneadh mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú, ba cheart d'oifigigh a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas is gá acu measúnú a dhéanamh ar leas an mhionaoisigh.	***Ballstát i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE cosc ar aistriú de bharr leasanna an linbh.*** Sula ndéanfar mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú chuig Ballstát eile, ba cheart don Bhallstát a dhéanfaidh an t-aistriú a áirithiú go ndéanfaidh an Ballstát sin gach beart is iomchuí agus is gá chun cosaint leormhaith an linbh a áirithiú, agus, go háirithe, chun go ndéanfar ionadaí nó ionadaithe a cheapadh go pras a mbeidh sé de chúram air nó orthu urraim na gceart ar fad a bhfuil an leanbh ina dteideal a chosaint. Sula ndéanfar cinneadh mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú, ba cheart d'oifigigh a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas is gá acu measúnú a dhéanamh ar leas an mhionaoisigh.
	Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) I gcás ina bhfuil dioplóma nó cáilíocht eile ag daoine, ba cheart don Bhallstát inar eisíodh an dioplóma a bheith freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a n-iarratas. D'áiritheodh sé sin go scrúdófaí go tapa an t-iarratas sa Bhallstát lena bhfuil naisc fhóinteacha ag an iarratasóir bunaithe ar an dioplóma sin.	***scriosta***
	Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) I bhfianaise gur cheart do Bhallstát leanúint de bheith freagrach as duine a chuaigh isteach ina chríoch go neamhrialta, is gá freisin an cás ina dtéann an duine isteach sa chríoch tar éis oibríocht chuardaigh agus tarrthála a áireamh. Ba cheart maolú ar an gcritéar freagrachta sin a leagan síos i gcás inar athshocraigh Ballstát daoine tar éis dóibh dul thar theorainn sheachtrach Bhallstáit eile go neamhrialta nó tar éis oibríocht chuardaigh agus tarrthála. I gcás mar sin, ba cheart do Bhallstát an athshocraithe a bheith freagrach as má dhéanann an duine iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.	***scriosta***

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 53 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(53a) Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit oibleagáidí breise a fhorchur ar iarratasóirí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta chun cosc a chur ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh den Aontas. D'fhéadfaí a áireamh in oibleagáidí breise den sórt sin srianta malartacha ar shaorghluaiseacht, amhail ceanglas ar an iarratasóir fanacht laistigh de limistéar geografach áirithe, nó an t-iarratasóir a shannadh d'ionad glactha ar leith, seachas é a chur faoi choinneáil.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 69

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(69) Maidir leis an dóigh a gcaitear le daoine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, tá na Ballstáit faoi cheangal ag na hoibleagáidí atá orthu faoi ionstraimí dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cásdlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.	(69) Maidir leis an dóigh a gcaitear le daoine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, tá na Ballstáit faoi cheangal ag na hoibleagáidí atá orthu faoi ionstraimí dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cásdlí ábhartha ***Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus*** na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) den Chonradh agus agus ar duine é nach bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige faoi dhlí an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53];	(a) ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine***, lena n-áirítear duine gan stát,*** nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) den Chonradh ***ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)*** agus ar duine é nach bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige faoi dhlí an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53];
[53] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.	[53] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ciallaíonn ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ nó ‘iarratas’ iarraidh ar chosaint a chuireann náisiúnach tríú tír ***nó duine gan stát*** faoi bhráid Ballstáit, ar féidir a thuiscint uaidh go bhfuil stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí á lorg aige;	(b) ciallaíonn ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ nó ‘iarratas’ iarraidh ar chosaint a chuireann náisiúnach tríú tír faoi bhráid Ballstáit, ar féidir a thuiscint uaidh go bhfuil stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí á lorg aige; *(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs.)*

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ciallaíonn ‘iarratasóir’ náisiúnach tríú tír ***nó duine gan stát*** a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta aige nach bhfuil cinneadh déanta ina leith***, nó a bhfuil cinneadh déanta ina leith agus atá faoi réir leighis nó is féidir é a bheith fós faoi réir leighis sa Bhallstát lena mbaineann, gan beann ar cibé acu go bhfuil sé de cheart ag an iarratasóir fanacht nó go bhfuil cead aige fanacht*** i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX [An Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], ***lena n-áirítear*** duine ar tugadh cosaint dó láithreach de bhun Rialachán (AE) XXX/XXX [An Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna ar chásanna force majeure i réimse an tearmainn agus na himire];	(c) ciallaíonn ‘iarratasóir’ náisiúnach tríú tír a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta aige nach bhfuil cinneadh déanta ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX [An Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], ***nó*** duine ar tugadh cosaint dó láithreach de bhun Rialachán (AE) XXX/XXX [An Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna ar chásanna *force majeure* i réimse an tearmainn agus na himirce];

Or. en

Réasúnú

Leis sin déantar an sainmhíniú ar 'iarratasóir' a ailíniú le hAirteagal 2(c) den Treoir maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe g – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) ciallaíonn 'baill teaghlaigh', a mhéid gurb ann cheana don teaghlach sin nó sular shroich an t-iarratasóir nó an ball teaghlaigh críoch na mBallstát, na baill seo a leanas de theaghlach an iarratasóra atá i láthair ar chríoch na mBallstát:	(g) ciallaíonn 'baill teaghlaigh', a mhéid gurb ann cheana don teaghlach sin nó sular shroich an t-iarratasóir nó an ball teaghlaigh críoch na mBallstát, na baill seo a leanas de theaghlach an iarratasóra atá i láthair ar chríoch na mBallstát ***agus lena bhfuil nasc teaghlaigh cruthaithe go soiléir***:

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe g – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) siblíní an iarratasóra;	(v) siblín nó siblíní an iarratasóra***, ar choinníoll gur mionaoiseach an t-iarratasóir***.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe n

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(n) ciallaíonn 'dioplóma nó cáilíocht' dioplóma nó cáilíocht a fhaightear tar éis tréimhse staidéir trí mhí ar a laghad i gclár aitheanta oideachais nó gairmoiliúna stát nó réigiúnach atá coibhéiseach ar a laghad le leibhéal 2 den Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas, arna oibriú ag bunaíocht oideachais i gcomhréir le dlí náisiúnta nó cleachtas riaracháin na mBallstát;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Náisiúnach tríú tír ar mian leis fanacht ar na críocha níos mó ná trí mhí, teastaíonn víosa fhadtéarmach nó cead cónaithe fadtéarmach uaidh, ar forais freagrachta iad cheana féin. Dá bhrí sin, tá sé iomarcach 'dioplóma agus cáilíocht' a thabhairt isteach.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe o

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(o) ciallaíonn 'institiúid oideachais' aon chineál bunaíochta oideachais nó gairmoiliúna poiblí nó príobháidí atá bunaithe i mBallstát agus atá aitheanta ag an mBallstát sin nó a mheastar amhlaidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó a n-aithnítear a cúrsaí staidéir nó oiliúna i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le cleachtas riaracháin náisiúnta;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Féach an réasúnú thuas.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe p

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(p) ciallaíonn ‘éalú’ gníomh arb é nach bhfanann iarratasóir ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha***, is é sin críoch an Bhallstáit a fhágáil gan údarú ó na húdaráis inniúla ar chúiseanna a bhfuil neart ag an iarratasóir orthu***;	(p) ciallaíonn ‘éalú’ gníomh arb é nach bhfanann iarratasóir ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe r

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(r) ciallaíonn ‘Ballstát is tairbhí’ an Ballstát is tairbhí de na ***bearta*** dlúthpháirtíochta i gcásanna brú imirce ***nó díbhordála tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála mar a leagtar amach i gCaibidil I-III de Chuid IV den Rialachán seo***;	(r) ciallaíonn ‘Ballstát is tairbhí’ an Ballstát is tairbhí de na ***rannchuidithe*** dlúthpháirtíochta***, a leagtar amach in Airteagal 45,*** i gcásanna brú imirce;

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe s

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(s) ciallaíonn ‘Ballstát is rannchuiditheoir’ Ballstát a rannchuidíonn leis na ***bearta*** dlúthpháirtíochta nó a bhfuil oibleagáid air rannchuidiú leis na ***bearta*** dlúthpháirtíochta le Ballstát is tairbhí ***a leagtar amach i gCaibidil I-III de***	(s) ciallaíonn ‘Ballstát is rannchuiditheoir’ Ballstát a ***sholáthraíonn rannchuidithe*** dlúthpháirtíochta nó a bhfuil oibleagáid air ***rannchuidithe*** dlúthpháirtíochta ***a sholáthar don*** Bhallstát is tairbhí ***mar*** a leagtar amach ***in Airteagal***

Chuid IV den Rialachán seo;	***45***;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe t

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(t) ciallaíonn 'an Ballstát urraíochta' Ballstát a thugann gealltanas i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh chun leasa Ballstáit eile, lena soláthraítear an urraíocht um fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 55 den Rialachán seo;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Soláthraítear urraíocht um fhilleadh mar cheann de na ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta, mar sin is Ballstát is rannchuiditheoir é Ballstát a dhéanann urraíocht um fhilleadh. Scriostar an téarma seo chun úsáid téarmaí a chuíchóiriú agus chun feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas sa téacs.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe w

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(w) ciallaíonn 'brú imirce' cás ***ina bhfuil líon mór*** náisiúnach tríú tír ***nó daoine gan stát ag teacht isteach, nó cás inar baol go mbeadh an teacht isteach sin ann***, lena n-áirítear ***an cás sin ina n-eascraíonn an brú sin as teacht isteach tar éis*** oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, ***de dheasca shuíomh geografach Ballstáit agus na bhforbairtí sonracha i dtríú tíortha lena spreagtar gluaiseachtaí***	(w) ciallaíonn 'brú imirce' cás ***ina gcuireann teacht isteach*** náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear ***mar thoradh ar*** oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála***,*** ualach fiú ar chórais tearmainn agus ***imirce*** atá ullmhaithe go maith***, a fhágann nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann in ann a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí atá leagtha síos sa Rialachán seo, i Rialachán (AE)***

imirce lena gcuirtear ualach fiú ar chórais tearmainn agus ***ghlactha*** atá ullmhaithe go maith ***agus a dteastaíonn gníomhaíocht láithreach ina leith***;	***xxx/xxx [an Rialachán um Scagadh], i Rialachán (AE) xxx/xxx [an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn], agus i dTreoir xxx/xxx [an Treoir um Fhilleadh]***;

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe w a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wa) ciallaíonn 'riosca brú imirce' an riosca go mbeadh ualach díréireach ann fiú ar chóras tearmainn agus imirce atá ullmhaithe go maith i mBallstát, tar éis an oirchill go bhfuil náisiúnaigh tríú tír ar tí teacht isteach, rud a d'fhéadfadh an Ballstát a chur faoi bhrú imirce;

Or. en

Réasúnú

Tugtar isteach sainmhíniú ar 'riosca brú imirce' mar go mbeidh na nósanna imeachta éagsúil ag brath ar cibé an bhfuil 'riosca brú imirce' nó 'brú imirce' ann, féach Airteagal 6 a agus b.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe w b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wb) ciallaíonn 'dálaí glactha' na dálaí glactha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (6), de Threoir (AE) xxx/xxx [an Treoir maidir le Dálaí Glactha];

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 4	***scriosta***
Prionsabal an cheaptha beartas comhtháite	
1. Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit comhleanúnachas beartas bainistithe tearmainn agus imirce a áirithiú, lena n-áirítear comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha na mbeartas sin.	
2. Beidh an tAontas agus na Ballstáit freagrach as beartais bhainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme agus iad ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí féin.	
3. Le tacaíocht ó Ghníomhaireachtaí an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé d'acmhainn acu beartais bhainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme go héifeachtach agus an cur chuige cuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 3 a chur san áireamh, lena n-áirítear na hacmhainní daonna agus airgeadais agus an bonneagar is gá.	

Or. en

Réasúnú

Aistrítear ábhar an Airteagail sin go hAirteagal 6.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Airteagal 4a

Straitéis Eorpach fhadtéarmach maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce

Glacfaidh an Coimisiún Straitéis Eorpach fhadtéarmach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce (an 'Straitéis') maidir le beartais bainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme agus ina leafar amach cur chuige chun tearmann agus imirce a bhainistiú ar leibhéal an Aontais. Tarchuirfidh an Coimisiún an Straitéis chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Glacfar an chéad Straitéis faoin ... [18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin seo], agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

Áireofar sa Straitéis na comhpháirteanna a liostaítear in Airteagal 3, agus cuirfear an méid seo a leanas san áireamh freisin:

(a) straitéisí fadtéarmacha bainistithe tearmainn agus imirce na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 5;

(b) faisnéis arna bailiú ag an gCoimisiún faoi Mholadh Uimh. XXX ón gCoimisiún maidir le Sásra AE um Ullmhacht Imirce agus Bainistiú Géarchéimeanna (an 'Treoirphlean Imirce agus an Treoirphlean i gcomhair Géarchéime'), na tuarascálacha a eisítear faoin gcreat sin mar aon le gníomhaíochtaí an Ghréasáin um Ullmhacht don Imirce agus um Bainistiú Géarchéime;

(c) faisnéis arna bailiú ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, go háirithe tuarascálacha ón nGníomhaireacht um Thearmann, ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha;

(d) aon fhaisnéis ábhartha eile.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4b
	Tuarascálacha bliantúla staide:
	1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar staid na himirce agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil ina leith trí thuarascálacha bliantúla staide bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil a chuirfidh na Ballstáit, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Ghníomhaíocht um Thearmann, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ar fáil. Leagtar amach sna tuarascálacha bliantúla sin forbairt réamh-mheasta staid na himirce agus ullmhacht an Aontais agus na mBallstát. Tarchuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha bliantúla staide chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
	Beidh an méid seo a leanas ar áireamh freisin sna tuarascálacha bliantúla staide:
	(a) líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus náisiúntachtaí na n-iarratasóirí, lena n-áirítear líon na n-iarratas arna dtaisceadh ag mionaoisigh neamhthionlactha agus ag daoine leochaileacha eile;
	(b) líon na gcinntí um fhilleadh agus líon na náisiúnach tríú tír a d'fhág críoch na mBallstát i gcomhréir le cinneadh um fhilleadh;

(c) líon na náisiúnach tríú tír a ligeadh isteach ag na Ballstáit trí scéimeanna um athlonnú nó um ligean isteach ar fhoras daonnúil;

(d) líon na n-iarrataí ar ghabháil ar láimh atá ag teacht isteach agus ag imeacht agus na bhfógraí faoi ghabháil, agus líon na n-aistrithe a cuireadh i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(e) líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir an nós imeachta teorann dá bhforáiltear i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] agus a náisiúntachtaí;

(f) líon na ndaoine a gabhadh i dtaca le trasnú neamhrialta a dhéanamh ar talamh, ar muir nó san aer ar theorainn sheachtrach agus líon na ndaoine a ndiúltaítear cead isteach dóibh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/399;

(g) líon na náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar bhraith údaráis na mBallstát iad;

(h) pleananna oibríochtúla ón nGníomhaíocht um Thearmann agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta;

(i) meastóireacht ar chur chun feidhme na Straitéise;

(j) aon fhaisnéis ábhartha eile.

2. I dteannta na tuarascála bliantúla staide, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inar gá nó arna iarraidh sin, faisnéis ar fáil don Chomhairle agus don Pharlaimint maidir le staid na himirce.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta	***Straitéisí náisiúnta maidir le bainistiú tearmainn agus imirce***

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Agus a n-oibleagáidí faoi mhír 1 á gcur chun feidhme acu, oibreoidh na Ballstáit i ndlúthchomhar le chéile.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Beidh straitéisí náisiúnta i bhfeidhm sna Ballstáit chun inniúlacht leordhóthanach a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme córais bhainistithe tearmainn agus imirce éifeachtaigh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chuid seo. Áireofar ar na bearta sin:
	(a) pleanáil theagmhasach, ag cur san áireamh na pleanála teagmhasaí de bhun Rialachán (AE) XXX/XXX [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann], Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54b] agus Treoir (AE) XXX/XXX [an Treoir maidir le Dálaí

Glactha] agus thuarascálacha an Choimisiúin a eiseofar faoi chuimsiú chreat an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime;

(b) faisnéis faoin gcaoi a bhfuil na prionsabail a leagtar amach sa Chuid sin, agus na hoibleagáidí dlíthiúla a eascraíonn as sin ar an leibhéal náisiúnta, á gcur chun feidhme ag an mBallstát;

(c) torthaí fhaireachán na meastóireachta a chuirtear i gcrích ag an nGníomhaireacht um Thearmann agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle[54c] agus torthaí an fhaireacháin a chuirtear i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán um Scagadh].

Cuirfear san áireamh sna straitéisí náisiúnta straitéisí ábhartha eile agus bearta tacaíochta atá ann cheana, go háirithe na bearta tacaíochta sin faoi Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54d] agus Rialachán (AE) XXX/XXX ón gComhairle [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann], agus beidh siad comhsheasmhach agus comhlántach le straitéisí náisiúnta maidir le bainistiú comhtháite ar theorainneacha Eorpacha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 8(6) de Rialachán (AE) 2019/1896.

Déanfaidh na Ballstáit a gcuid straitéisí náisiúnta maidir le bainistiú tearmainn agus imirce a tharchur chuig an gCoimisiún sé mhí sula nglacfar an Straitéis.

[54b] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta

Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

[54c] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

[54d] Rialachán (AE) Uimh. 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2013, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Tá ábhar an leasaithe seo tógtha ó Airteagal 6.4 sa togra ón gCoimisiún. Aistrítear é go hAirteagal 5 chun Airteagal cuimsitheach a chruthú ina leagtar amach na hoibleagáidí náisiúnta

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Aistrítear ábhar an Airteagail sin go hAirteagail 4 agus 5.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Rialachas agus faireachán ar bhainistiú tearmainn agus imirce
	1. Áiritheoidh an Coimisiún, an Chomhairle agus na Ballstáit cur chun feidhme comhsheasmhach na mbeartas bainistithe tearmainn agus imirce, lena n-áirítear comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha na mbeartas sin, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chuid seo.
	2. Beidh an Coimisiún, an Chomhairle agus na Ballstáit freagrach as beartais bainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme agus iad ag gníomhú dóibh laistigh dá gcuid inniúlachtaí faoi seach.
	Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6b
	An nós imeachta i gcás riosca brú imirce
	1. Aon Bhallstát a mheasfaidh é féin a bheith i mbaol brú imirce, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi láithreach.
	Laistigh de dhá sheachtain ó na bhfógraí, déanfaidh an Coimisiún na bearta riachtanacha a chomhordú agus a éascú leis an mBallstát lena mbaineann agus leis na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an

Aontais chun an riosca brú imirce a laghdú.

2. Laistigh de cheithre seachtaine ón bhfógra, glacfaidh an Coimisiún plean freagartha maidir le cosc i dtaobh bearta atá le déanamh ar leibhéal an Aontais chun an riosca brú imirce sa Bhallstát lena mbaineann a laghdú.

Áireofar sa phlean freagartha maidir le cosc moltaí chuig an gComhairle agus chuig an mBallstát lena mbaineann maidir le bearta chun an riosca brú imirce a laghdú. Tarchuirfidh an Coimisiún an plean freagartha maidir le cosc chuig Parlaimint na hEorpa.

3. Glacfaidh an Ballstát lena mbaineann a phlean náisiúnta freagartha féin maidir le cosc, ina leagfar amach na bearta atá le glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é laistigh den tréimhse ceithre seachtaine dá dtagraítear i mír 2.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6c
	An nós imeachta i gcás riosca brú imirce
	1. Aon Bhallstát a mheasfaidh é féin a bheith faoi bhrú imirce, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoi láithreach.
	Laistigh de sheachtain tar éis an fhógra a fháil, tionscnóidh an Coimisiún measúnú ar an staid imirce.
	Laistigh de dhá sheachtain ón bhfógra, déanfaidh an Coimisiún na bearta

	riachtanacha a chomhordú agus a éascú i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais chun an brú imirce a laghdú.
	Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis na Ballstáit maidir leis na rannchuidithe dlúthpháirtíochta de bhun Airteagal 52(2).
	2. Déanfaidh an Coimisiún Plean um Fhreagairt Dlúthpháirtíochta a ghlacadh freisin, ina leagfar amach bearta arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 52.
	Glacfaidh an Ballstát lena mbaineann a phlean náisiúnta freagartha dlúthpháirtíochta féin, ina leagfar amach na bearta atá le glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é laistigh de mhí amháin tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil.
	Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhar le tríú tíortha ***chun filleadh agus athligean isteach a éascú***	Comhar le tríú tíortha ***maidir le bainistiú imirce***
	Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

1. ***Más rud é, ar bhonn na hanailíse a chuirtear i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 25a(2) nó (4) de Rialachán (AE) Uimh 810/2009*** ó ***Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] nó le haon fhaisnéis*** eile ***atá ar fáil, go measann*** an Coimisiún ***nach bhfuil*** tríú ***tír ag comhoibriú go leordhóthanach maidir le hathligean isteach*** náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach***, agus gan dochar d'Airteagal 25(a)(5) den Rialachán sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sainaithint aon bheart a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chomhar an tríú tír sin maidir le hathligean isteach, agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír á chur san áireamh***.	1. ***Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhpháirtíochtaí atá tairbheach don dá thaobh agus dlúthchomhar maidir le bainistiú imirce a chur chun cinn. Déanfaidh*** an Coimisiún ***agus na Ballstáit measúnú ar chomhtháthú bainistithe imirce i mbeartais ábhartha uile an Aontais agus ar chur i bhfeidhm iomlán*** an ***bheartais víosaí agus bearta eile atá ceaptha comhar le*** tríú ***tíortha a chur chun cinn chun filleadh*** náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ***a éascú***.
[57] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.	

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***I gcás ina mheasann*** an Coimisiún ***gurb iomchuí sin, sainaithneoidh sé freisin ina thuarascáil bearta dírithe ar chomhar idir*** na Ballstáit ***a chur chun cinn chun filleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a éascú***.	2. ***Déanfaidh*** an Coimisiún***, an Chomhairle, agus*** na Ballstáit***, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, gníomhaíochtaí a dhéanfaidh cuspóirí comhpháirteacha agus comhar le tríú tíortha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna agus ar spreagthaí na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh, agus an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt***

	agus an Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda á cur i bhfeidhm go hiomlán.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Agus an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, tuarascálacha ón nGníomhaireacht um Thearmann, ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, ó Europol agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a bhreithniú.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle, laistigh dá n-inniúlachtaí féin, na bearta iomchuí a mheas agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír sin a chur san áireamh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit scrúdú ar aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ***a chuireann náisiúnach tríú tír nó duine gan stát isteach*** ar chríoch aon Bhallstáit acu, lena n-áirítear ag an teorainn nó sna limistéir idirthurais. ***Déanfaidh*** Ballstát ***amháin scrúdú ar*** an ***iarratas, ar Ballstát é a thabharfar le fios sna critéir a leagtar amach i gCaibidil II de Chuid III go mbeidh sé freagrach***.	1. Déanfaidh na Ballstáit scrúdú ar aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ***a chláraítear*** ar chríoch aon Bhallstáit acu, lena n-áirítear ag an teorainn nó sna limistéir idirthurais. ***Déanfar*** an ***t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú sa*** Bhallstát ***ina dtéitear isteach den chéad uair i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) xxx/xxx [an Rialachán um Nós Imeachta Tearmainn], nó sa Bhallstát ina bhfuil an t-iarratasóir i láthair go dleathach***.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***I gcás nach*** féidir an Ballstát freagrach a ainmniú ***ar bhonn na gcritéar a liostaítear sa Rialachán seo, beidh an chéad Bhallstát ar cláraíodh*** an t-iarratas ***ar chosaint idirnáisiúnta ann freagrach as scrúdú a dhéanamh air***.	2. ***Beidh*** Ballstát ***na chéad iontrála nó an Ballstát ina bhfuil an t-iarratasóir i láthair go dleathach*** freagrach ***as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, mura féidir Ballstát eile*** a ainmniú ***mar Bhallstát atá freagrach as an*** iarratas ***sin a scrúdú ar bhonn na gcritéar i gCuid III, Caibidil II den Rialachán seo***.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Más rud é ach nach féidir le Ballstát iarratasóir a aistriú chuig an mBallstát a ainmníodh mar ***phríomh-Bhallstát*** atá freagrach toisc go bhfuil forais shuntasacha ann lena chreidiúint go bhfuil lochtanna córasacha sa nós imeachta tearmainn agus sna dálaí glactha i gcás iarratasóirí sa Bhallstát sin, agus dá bharr sin go bhféadfaí caitheamh leo ar bhealach mídhaonna nó táireach de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***leanfaidh*** an Ballstát a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige ***de scrúdú a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach i gCaibidil II de Chuid III lena*** shuí an bhféadfar Ballstát freagrach eile a ainmniú.	I gcás nach féidir le Ballstát iarratasóir a aistriú chuig an mBallstát a ainmníodh ***mar an Ballstát*** atá freagrach toisc go bhfuil forais shuntasacha ann lena chreidiúint go bhfuil lochtanna córasacha sa nós imeachta tearmainn agus sna dálaí glactha i gcás iarratasóirí sa Bhallstát sin, agus dá bharr sin go bhféadfaí caitheamh leo ar bhealach mídhaonna nó táireach de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***suífidh*** an Ballstát a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige an bhféadfar Ballstát freagrach eile a ainmniú.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Más rud é nach féidir le Ballstát ***an t-aistriú a dhéanamh, de bhun na chéad fomhíre, chuig aon*** Bhallstát a ***ainmnítear*** ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i gCaibidil II de ***Chuid III ná chuig an gcéad Bhallstát inar cláraíodh an t-iarratas***, is é an Ballstát sin a bheidh ina Bhallstát freagrach.	I gcás nach féidir le Ballstát ***a shuí*** an féidir Ballstát ***eile*** a ainmniú ***mar Bhallstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú*** ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach i ***gCuid III***, Caibidil II den Rialachán ***seo***, is é an Ballstát sin an Ballstát atá freagrach ***as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas sin***.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Más rud é nach ndéantar seiceáil slándála dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán um Scagadh], scrúdóidh an ***chéad*** Bhallstát ***ina chláraítear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta*** an ann d'fhorais réasúnacha chun a mheas gur baol atá san iarratasóir do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí an Bhallstáit sin ***a luaithe is féidir*** tar éis chlárú an iarratais, sula gcuirfear i bhfeidhm na critéir chun an Ballstát freagrach a chinneadh de bhun Chaibidil II nó de bhun na gclásal a leagtar amach i gCaibidil III de Chuid III.	Más rud é nach ndéantar seiceáil slándála dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán um Scagadh], scrúdóidh an chéad Bhallstát an ann d'fhorais réasúnacha chun a mheas gur baol atá san iarratasóir do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí an Bhallstáit sin ***láithreach*** tar éis chlárú an iarratais, sula gcuirfear i bhfeidhm na critéir chun an Ballstát freagrach a chinneadh de bhun Chaibidil II nó de bhun na gclásal a leagtar amach i gCaibidil III de Chuid III.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Más rud go ndéantar seiceáil slándála dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán um Scagadh], ach go bhfuil cúiseanna a bhfuil údar maith leo ag an ***gcéad Bhallstát ina chláraítear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chun a scrúdú*** an ann d'fhorais réasúnacha chun a mheas gur baol atá san iarratasóir do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí an Bhallstáit sin, déanfaidh an Ballstát sin an scrúdú sin ***a luaithe is féidir*** tar éis chlárú an iarratais, sula gcuirfear i bhfeidhm na critéir chun an Ballstát freagrach a chinneadh de bhun Chaibidil II nó de bhun na gclásal a leagtar amach i gCaibidil III de Chuid III.	Más rud go ndéantar seiceáil slándála dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán um Scagadh], ach go bhfuil cúiseanna a bhfuil údar maith leo ag an ***mBallstát*** an ann d'fhorais réasúnacha chun a mheas gur baol atá san iarratasóir do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí an Bhallstáit sin, déanfaidh an Ballstát sin an scrúdú sin ***láithreach*** tar éis chlárú an iarratais, sula gcuirfear i bhfeidhm na critéir chun an Ballstát freagrach a chinneadh de bhun Chaibidil II nó de bhun na gclásal a leagtar amach i gCaibidil III de Chuid III.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag náisiúnach tríú tír ***nó duine gan stát*** iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, déanfar an t-iarratas agus clárófar é i mBallstát na chéad iontrála.	1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag náisiúnach tríú tír iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, déanfar an t-iarratas agus clárófar é i mBallstát na chéad iontrála ***nó sa Bhallstát ina bhfuil an náisiúnach tríú tír sin i láthair go dleathach***.

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfuil cead cónaithe imithe in éag nó víosa imithe in éag ag náisiúnach tríú tír ***nó ag duine gan stát***, agus go bhfuil sé beartaithe aige iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, déanfar an t-iarratas agus clárófar é sa Bhallstát ***ina bhfuil sé i láthair***.	I gcás ina bhfuil cead cónaithe imithe in éag nó víosa imithe in éag ag náisiúnach tríú tír ***laistigh de na trí bliana deireanacha***, agus go bhfuil sé beartaithe aige iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, déanfar an t-iarratas agus clárófar é sa Bhallstát ***a d'eisigh an cead cónaithe nó an víosa***.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Comhoibreoidh an t-iarratasóir go hiomlán le húdaráis inniúla na mBallstát i dtaca leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe maidir leis ***na heilimintí uile agus an fhaisnéis uile atá***	3. Comhoibreoidh an t-iarratasóir go hiomlán le húdaráis inniúla na mBallstát i dtaca leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe trí ***fhaisnéis*** a chur isteach ***chun cé acu Ballstát atá***

ar fáil dó, nó atá ábhartha, a chur isteach chun cé acu Ballstát atá freagrach a chinneadh, a luaithe is féidir nó ***le linn an agallaimh*** ar a dhéanaí ***dá dtagraítear in Airteagal 12. I gcás nach bhfuil an t-iarratasóir in ann an fhianaise sin a chur isteach tráth an agallaimh chun bunús a thabhairt leis na heilimintí agus an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, féadfaidh*** an t-údarás inniúil ***teorainn ama a shocrú laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 29(1) maidir leis an bhfianaise sin a chur isteach***.

freagrach a chinneadh a luaithe is féidir agus ***sula ndéanfaidh*** an t-údarás inniúil ***cinneadh maidir leis an mBallstát freagrach*** ar a dhéanaí ***i gcomhréir leis an Rialachán seo***.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, oibleagáidí breise a fhorchur ar an iarratasóir chun gluaiseachtaí neamhúdaraithe a chosc.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Maidir le heilimintí agus faisnéis ábhartha chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach, a chuirtear isteach tar éis don teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 9(3), ***ní chuirfidh*** na húdaráis inniúla san áireamh iad.	2. Maidir le heilimintí agus faisnéis ábhartha chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach, a chuirtear isteach tar éis don teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 9(3), ***níor cheart*** do na húdaráis inniúla iad a chur san áireamh.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***A luaithe is féidir agus tráth a chlárófar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i*** mBallstát ***ar a dhéanaí,*** cuirfidh ***údaráis inniúla an Bhallstáit sin*** in iúl don iarratasóir maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 9 mar aon leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 10, ***agus*** cuirfidh siad in iúl dó ***go háirithe***:	1. Cuirfidh ***an*** Ballstát ***cinntitheach*** an t-iarratasóir ar an eolas ***i scríbhinn, i dteanga a thuigfidh an t-iarratasóir nó ar den réasúntacht é go dtuigfidh an duine sin í,*** faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus faoi na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 9 mar aon leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 10, ***faoi chuspóir an agallaimh phearsanta dá dtagraítear in Airteagal 12, agus faoin gcúnamh is féidir leis an mBallstát nó na heagraíochtaí neamhrialtasacha a thairiscint maidir le baill teaghlaigh nó gaolta a lorg. Cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas freisin***:

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) faoi chuspóirí an Rialacháin seo agus na hiarmhairtí a bhaineann le hiarratas eile a dhéanamh i mBallstát eile mar aon leis na hiarmhairtí a bhaineann le fágáil an Bhallstáit ina gceanglaítear air nó uirthi a bheith i láthair ann de bhun Airteagal 9(4), go háirithe nach mbeidh an t-iarratasóir ach amháin i dteideal na dálaí glactha a leagtar amach in Airteagal 10(1);	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cuirtear an méid sin san áireamh sa chuid réamhráiteach (oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 9, agus iarmhairtí an neamhchomhlíonta in Airteagal 10).

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na critéir agus na nósanna imeachta i dtaca leis an mBallstát freagrach a chinneadh, ordlathas na gcritéar sin i gcéimeanna éagsúla, an nós imeachta agus an fad a mhairfidh siad;	(c) na critéir agus na nósanna imeachta i dtaca leis an mBallstát freagrach a chinneadh, ordlathas na gcritéar sin i gcéimeanna éagsúla, an nós imeachta agus an fad a mhairfidh siad***, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar an iarratasóir aon fhaisnéis ábhartha sa nós imeachta a nochtadh a luaithe is féidir chun an Ballstát freagrach a chinneadh***;

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) maidir le haidhm don agallamh pearsanta de bhun Airteagal 12 agus maidir leis an oibleagáid faisnéis a chur isteach, agus bunús a thabhairt léi, ó bhéal nó trí dhoiciméid faisnéise a luaithe is féidir sa nós imeachta, agus aon fhaisnéis ábhartha a d'fhéadfadh cabhrú lena chruthú gur ann do bhaill teaghlaigh, do ghaolta nó d'aon bhaill teaghlaigh eile sna Ballstáit, lena n-áirítear an bealach inar féidir leis an iarratasóir faisnéis den sórt sin a chur isteach, mar aon le haon chabhair is	***scriosta***

féidir leis an mBallstát a chur ar fáil maidir le baill teaghlaigh nó gaolta a lorg;

Or. en

Réasúnú

Scriosta, agus aistríodh an t-ábhar go dtí an chuid réamhráiteach.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) maidir leis an oibleagáid atá ar an iarratasóir, aon fhaisnéis ábhartha a nochtadh a d'fhéadfadh cabhrú lena chruthú gur ann roimh ré d'aon chead cónaithe, aon víosa nó aon dioplóma oideachais; a luaithe is féidir le linn an nós imeachta;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Aistríodh an t-ábhar chuig (c).

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) maidir le catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann;	(i) maidir le catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann***, lena n-áirítear catagóirí na sonraí a phróiseáiltear i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán Eurodac];***

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe k a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ka) i gcás inarb infheidhme, ar mheasúnú aoise ar iarratasóir nó ar thástáil DNA chun nasc teaghlaigh a chruthú;

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfear an t-eolas dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i scríbhinn i dteanga a thuigeann an t-iarratasóir nó a cheaptar le réasún go bhfuil an t-iarratasóir in ann í a thuiscint. Chun na críche sin úsáidfidh na Ballstáit an t-ábhar faisnéise coiteann a tharraingeofar suas i dteanga shoiléir shimplí de bhun mhír 3.	***scriosta***
I gcás inar gá, chun go dtuigfidh an t-iarratasóir i gceart í, cuirfear an fhaisnéis ar fáil ó bhéal freisin i gcás inarb iomchuí maidir leis an agallamh pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 12.	

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann, i ndlúthchomhar leis na ***gníomhaireachtaí*** náisiúnta freagracha, ábhar faisnéise coiteann ***a tharraingt suas***, mar aon le bileog ***shonrach*** do mhionaoisigh neamhthionlactha ina mbeidh ***ar a laghad*** an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1. ***Áireofar freisin leis an ábhar faisnéise coiteann sin faisnéis maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán Eurodac] agus, go háirithe, an cuspóir atá le próiseáil shonraí an iarratasóra laistigh de Eurodac. Déanfar*** an t-ábhar faisnéise coiteann ***a tharraingt suas ar bhealach a chuirfidh ar chumas na mBallstát é a chomhlánú*** le faisnéis bhreise is sonrach do Bhallstát ar leith.	3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann, i ndlúthchomhar leis na ***húdaráis*** náisiúnta fhreagracha, faisnéis ***agus*** ábhar coiteann ***a sholáthar i dteanga shoiléir shimplí***, mar aon le ***faisnéis*** shonrach do mhionaoisigh neamhthionlactha ***agus do ghrúpaí leochaileacha eile***, ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.
	Úsáidfidh na Ballstáit an fhaisnéis choiteann ***agus*** an t-ábhar coiteann ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus féadfaidh siad*** í a ***chomhlánú*** le faisnéis bhreise is sonrach don Bhallstát.
	I gcás inar gá ar mhaithe le tuiscint cheart an iarratasóra, cuirfear an fhaisnéis ar fáil ó bhéal freisin.
	Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as taifeadtaí fuaime faoi réir chomhaontú an iarratasóra nó chomhairleoir dlí nó chomhairleoir dlí an iarratasóra.
	Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 4 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) aon chúiseanna eile atá ábhartha don mheasúnú ar leas an linbh.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 20	***scriosta***
Dioplómaí nó cáilíochtaí eile	
1. I gcás ina bhfuil dioplóma nó cáilíocht ag an iarratasóir a d'eisigh bunaíocht oideachais atá bunaithe i mBallstát agus gur cláraíodh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta tar éis don iarratasóir críoch na mBallstát a fhágáil i ndiaidh dó nó di a c(h)uid staidéir a cuir i gcrích, beidh an Ballstát ina bhfuil an bhunaíocht oideachais sin bunaithe freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.	
2. I gcás ina bhfuil níos mó ná dioplóma nó cáilíocht amháin ag an iarratasóir, a d'eisigh bunaíochtaí oideachais i mBallstáit éagsúla, is é an Ballstát a d'eisigh an dioplóma nó an cháilíocht tar éis na tréimhse staidéir is faide a ghabhfaidh chuige féin an fhreagracht as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, nó i gcás inarb ionann na tréimhsí staidéir, is é an Ballstát ina bhfuarthas an dioplóma nó an cháilíocht is déanaí a ghabhfaidh	

chuige féin an fhreagracht sin.

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 21	***scriosta***
Iontráil	
1. I gcás ina suífear, ar bhonn cruthúnais nó ar bhonn fianaise imthoisceach mar a thuairiscítear sa dá liosta dá dtagraítear in Airteagal 30(4) den Rialachán seo, lena n-áirítear na sonraí dá dtagraítear i Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán Eurodac], go bhfuil iarrthóir tar éis an teorainn a thrasnú go neamhrialta isteach i mBallstát, bíodh an modh trasnaithe ar tír, ar muir nó san aer, tar éis dó teacht ó thríú thír, beidh an chéad Bhallstát a ndeachaigh sé isteach ann sa chaoi sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Scoirfear den fhreagracht sin má chláraítear an t-iarratas níos mó ná 3 bliana tar éis an dáta ar tharla an trasnú teorann sin.	
2. Beidh feidhm ag an riail a leagtar amach i mír 1 chomh maith i gcás ina ndíbhordáiltear an t-iarratasóir ar an gcríoch tar éis oibríochta cuardaigh agus tarrthála.	
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 más féidir a shuíomh, ar bhonn cruthúnais nó fianaise imthoiscí dá dtuairiscítear sa dá liosta dá dtagraítear in Airteagal 30(4) den Rialachán seo, lena n-áirítear na sonraí dá dtagraítear i Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán Eurodac], gur athshocraíodh an t-iarratasóir de bhun Airteagal 57 den	

Rialachán seo chuig Ballstát eile tar éis dó an teorainn a thrasnú. Sa chás sin, beidh an Ballstát eile sin freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. An Ballstát ***ina gcláraítear*** an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ***ar dtús de bhun Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn] nó, i gcás inarb infheidhme, Ballstát an athshocraithe***, cuirfidh sé tús ***gan mhoill*** leis an bpróiseas ***lena gcinnfear cé acu Ballstát atá freagrach***.	1. An Ballstát ***a bhfuil cúiseanna cuí aige le creidiúint go bhfuil Ballstát eile freagrach as scrúdú a dhéanamh*** ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, cuirfidh sé tús ***láithreach*** leis an bpróiseas ***chun iarraidh ar ghabháil ar láimh nó fógra faoi ghabháil ar ais a thíolacadh de bhun Airteagal 29 agus Airteagal 31***.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An Ballstát ***ina gcláraítear an t-iarratas ar dtús nó, i gcás inarb infheidhme, Ballstát an athshocraithe***, leanfaidh sé den phróiseas lena gcinnfear cé acu Ballstát atá freagrach i gcás ina bhfágann an t-iarratasóir críoch an Bhallstáit sin gan údarú a fháil nó nach bhfuil sé ar fáil ar chúis eile d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin.	2. Leanfaidh an Ballstát ***iarrthach nó*** an Ballstát ***a thugann fógra*** den phróiseas lena gcinnfear cé acu Ballstát atá freagrach i gcás ina bhfágann an t-iarratasóir críoch an Bhallstáit sin gan údarú a fháil nó nach bhfuil sé ar fáil ar chúis eile d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Má mheasann Ballstát ina ndéantar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú go bhfuil Ballstát eile freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, iarrfaidh sé ***gan mhoill*** agus ar aon nós laistigh de ***2 mhí*** ón dáta ar ar cláraíodh an t-iarratas, ar an mBallstát eile sin an t-iarratasóir a ghabháil ar láimh.	Má mheasann Ballstát ina ndéantar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú go bhfuil Ballstát eile freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, iarrfaidh sé ***láithreach bonn*** agus ar aon nós laistigh de ***1 mhí*** amháin ón dáta ar ar cláraíodh an t-iarratas, ar an mBallstát eile sin an t-iarratasóir a ghabháil ar láimh.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
D'ainneoin na chéad fhomhíre, i gcás amas Eurodac i leith sonraí a taifeadadh de bhun Airteagail 13 agus 14a de Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán Eurodac] nó i gcás amas VIS i leith sonraí a taifeadadh de bhun Airteagal 21 de Rialachán (CE) 767/2008, seolfar an iarraidh ar ghabháil ar láimh laistigh de 1 mhí amháin ón amas sin a fháil.	***scriosta***

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Féadfaidh an Ballstát a rinne an iarraidh freagra práinneach a iarraidh i gcás inar cláraíodh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta tar éis cinneadh a bheith eisithe inar diúltaíodh don chead isteach nó tar éis cinneadh um fhilleadh a bheith eisithe.	Féadfaidh an Ballstát a rinne an iarraidh freagra práinneach a iarraidh i gcás inar cláraíodh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta tar éis cinneadh a bheith eisithe inar diúltaíodh don chead isteach nó tar éis cinneadh um fhilleadh a bheith eisithe***, nó i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir faoi choinneáil***.

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, déanfar an iarraidh go ndéanfaidh ***Ballstát eile*** gabháil ar láimh trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach agus ***trí chruthúnas nó fianaise imthoisceach mar a shainmhínítear iad sa dá liosta dá dtagraítear in Airteagal 30(4) agus/nó*** trí eilimintí ábhartha ó ráiteas an iarratasóra a chur san áireamh, lena gcuirfear ar chumas údaráis an Bhallstáit iarrtha a dheimhniú an bhfuil sé freagrach ***ar bhonn*** na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán seo.	Déanfar iarraidh ar ghabháil ar láimh trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach agus ***áireofar*** eilimintí ábhartha ó ráitis an iarratasóra***, agus an fhianaise imthoisceach a úsáidfear chun údar cuí a thabhairt leis an iarraidh***, lena gcuirfear ar chumas údarás an Bhallstáit iarrtha a dheimhniú an bhfuil sé freagrach ar ***bhonn*** na gcritéir a leagtar síos sa Rialachán seo.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Ballstát iarrtha na seiceálacha is gá, agus tabharfaidh sé cinneadh maidir leis an iarraidh ar iarratasóir a ghabháil ar láimh laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.	1. Déanfaidh an Ballstát iarrtha na seiceálacha is gá, agus tabharfaidh sé cinneadh maidir leis an iarraidh ar iarratasóir a ghabháil ar láimh laistigh de ***2 mhí ón iarraidh a fháil***.

	I gcás inar iarr an Ballstát iarrthach freagra práinneach de bhun Airteagal 29(2), tabharfaidh an Ballstát iarrtha freagra a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.
	Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát iarrtha agóid i gcoinne na hiarrata laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 1, is ionann sin agus glacadh leis an iarraidh, agus gabhfaidh oibleagáid leis an t-iarratasóir a ghabháil ar láimh, lena n-áirítear an oibleagáid foráil a dhéanamh do shocruithe cuí i gcomhair teachta.
	Áireofar san agóid dá dtagraítear sa chéad fhomhír eilimintí cruthúnais nó fianaise imthoisceach.
	Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. I gcás inar iarr an Ballstát iarrthach freagra práinneach de bhun Airteagal 29(2), tabharfaidh an Ballstát iarrtha freagra laistigh den tréimhse iarrtha nó, ina éagmais sin, laistigh de choicís ón iarraidh a fháil.	***scriosta***

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát agóid i gcoinne na hiarrata laistigh den tréimhse 1 mhí amháin a leagtar amach i mír 1 trí fhreagra a thabhairt ina bhfuil cúiseanna iomlána mionsonraithe, nó i gcás inarb infheidhme laistigh den tréimhse 2 sheachtain a leagtar amach i míreanna 2 agus 7, is ionann sin agus glacadh leis an iarraidh, agus gabhfaidh oibleagáid leis an duine a ghabháil ar láimh, lena n-áirítear an oibleagáid socruithe cuí a dhéanamh maidir le teacht an duine sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d) tabharfaidh an Ballstát ina bhfuil an duine i láthair fógra faoi ghabháil ar ais ***gan mhoill*** agus ar aon nós laistigh de choicís tar éis dó an t-amas Eurodac a fháil.	1. I gcás dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d) tabharfaidh an Ballstát ina bhfuil an duine i láthair fógra faoi ghabháil ar ais ***láithreach bonn*** agus in aon chás laistigh de 2 sheachtain tar éis dó an t-amas Eurodac a fháil.

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir leis an mBallstát a mbeidh an ***cinneadh á dhéanamh*** aige, ar glacadh lena iarraidh dá dtagraítear in Airteagal ***26(1), pointe (a)*** maidir leis an iarratasóir a ghabháil ar láimh, nó a thug fógra dá dtagraítear in Airteagal ***26(1), pointe (b), (c) agus (d) maidir le daoine*** a ghabháil ar ais, déanfaidh sé cinneadh aistrithe ***ar a dhéanaí*** laistigh de 1 seachtain amháin den ghlacadh a fháil nó den fhógra a thabhairt.	1. Maidir leis an mBallstát ***iarrthach nó*** an Ballstát ***a thugann fógra***, ar glacadh lena iarraidh ar ghabháil ar láimh dá dtagraítear in Airteagal ***29*** nó a thug fógra faoi ghabháil ar ais dá dtagraítear in Airteagal ***31***, déanfaidh sé cinneadh aistrithe laistigh de 1 seachtain amháin den ghlacadh a fháil nó den fhógra a thabhairt.

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***I gcás ina nglacfaidh an Ballstát iarrtha iarratasóir a ghabháil ar láimh nó duine dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d) a ghabháil ar ais,*** déanfaidh ***an*** Ballstát iarrthach, nó a thug an fógra, fógra a thabhairt don duine lena mbaineann, i scríbhinn agus ***gan mhoill***, faoin gcinneadh é nó í a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach ***agus***, i gcás inarb ***infheidhme, faoin gcinneadh gan*** a ***(h)iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú***.	2. Déanfaidh an Ballstát iarrthach nó an Ballstát a thug fógra, fógra a thabhairt ***láithreach*** don duine lena mbaineann i scríbhinn***, i dteanga a thuigfidh sé nó sí nó ar den réasúntacht é go dtuigfidh an duine sin í,*** faoin gcinneadh é nó í a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach***, faoi iarmhairtí an chinnidh sin, lena n-áirítear na teorainneacha ama chun an t-aistriú a chur i gcrích agus na hoibleagáidí don iarratasóir a leagtar amach in Airteagal 9(5).*** ***Áireofar san fhógra freisin***, i gcás ina mbeidh sé ***ar fáil, faisnéis faoin áit agus faoin dáta a cheanglaítear ar an duine lena mbaineann teacht i láthair, má tá an duine sin ag taisteal chuig an mBallstát atá freagrach as a acmhainní nó a hacmhainní féin***.

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sa chinneadh dá dtagraítear i mír 1 faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoin gceart chun iarratas a dhéanamh ar éifeacht fionraíochta, agus faoi shonraí ar na teorainneacha ama is infheidhme maidir leis na leigheasanna sin a lorg ***agus an t-aistriú a dhéanamh agus beidh, más gá, faisnéis ann ar an áit, agus an dáta, ar a gceanglaítear ar an duine lena mbaineann a bheith i láthair, má bhíonn an duine sin ag taisteal go dtí an Ballstát atá freagrach, as a acmhainní nó a hacmhainní féin.***	Beidh sa chinneadh dá dtagraítear i mír 1 ***freisin*** faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoin gceart chun iarratas a dhéanamh ar éifeacht fionraíochta, agus faoi shonraí ar na teorainneacha ama is infheidhme maidir leis na leigheasanna sin a lorg**.**

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit, go ndéanfar faisnéis faoi dhaoine nó faoi eintitis ***a fhéadfaidh*** cúnamh dlí a chur ar fáil don duine lena mbaineann, a chur in iúl ***don duine lena mbaineann*** in éineacht leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1, i gcás nach mbeidh an fhaisnéis sin curtha in iúl cheana.	Áiritheoidh na Ballstáit, go ndéanfar faisnéis faoi dhaoine nó faoi eintitis ar ***féidir*** leo cúnamh dlí a chur ar fáil don duine lena mbaineann, a chur in iúl ***dó nó di*** in éineacht leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1, i gcás nach mbeidh an fhaisnéis sin curtha in iúl cheana.

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás nach bhfaigheann an duine lena mbaineann cúnamh nó ionadaíocht ó chomhairleoir dlí nó ó chomhairleoir eile, cuirfidh na Ballstáit é nó í ar an eolas faoi phríomheilimintí an chinnidh, ina n-áireofar i gcónaí faisnéis faoi na leigheasanna dlí a bheidh ar fáil agus ar na teorainneacha ama is infheidhme chun na réitigh sin a lorg, agus cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i dteanga a thuigfidh an duine lena mbaineann nó a gceaptar le réasún go bhfuil an t-iarratasóir in ann í a thuiscint.	***scriosta***

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina ndéanfar iarratasóir nó duine eile, dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d), a choinneáil de bhun an Airteagail seo, ní bheidh an tréimhse chun iarraidh a dhéanamh ar an duine sin a ghabháil ar láimh nó ar fhógra faoi ghabháil ar ais a thabhairt níos faide ná 2 sheachtain ón tráth ***a chláraítear an*** iarraidh. I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil tráth níos déanaí ná a chláraítear an t-iarratas, ní bheidh an tréimhse le haghaidh iarraidh a thíolacadh chun an duine sin a ghabháil ar láimh, ná le haghaidh iarraidh ar ghabháil ar ais a thíolacadh, níos sia ná ***1 seachtain amháin***	I gcás ina ndéanfar iarratasóir nó duine eile, dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d), a choinneáil de bhun an Airteagail seo, ní bheidh an tréimhse chun iarraidh a dhéanamh ar an duine sin a ghabháil ar láimh nó ar fhógra faoi ghabháil ar ais a thabhairt níos faide ná 2 sheachtain ón tráth a dhéanfar an iarraidh ***ar chosaint idirnáisiúnta.***

ón dáta ar ar cuireadh an duine faoi choinneáil. ***Iarrfaidh an Ballstát a mbeidh an nós imeachta á chomhlíonadh aige i gcomhréir leis an Rialachán seo freagra práinneach i dtaobh na hiarrata ar ghabháil ar láimh. Tabharfar freagra den sórt sin tráth nach faide ná 1 seachtain amháin ón iarraidh ar ghabháil ar láimh a fháil. Mura dtabharfar freagra ar an iarraidh laistigh den tréimhse 1 seachtaine amháin sin, is ionann sin agus glacadh leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh agus leis an oibleagáid an duine a ghabháil ar láimh, lena n-áirítear an oibleagáid socruithe cuí a dhéanamh maidir le teacht an duine sin.***	I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil tráth níos déanaí ná a chláraítear an t-iarratas, ní bheidh an tréimhse le haghaidh iarraidh a thíolacadh chun an duine sin a ghabháil ar láimh, ná le haghaidh iarraidh ar ghabháil ar ais a thíolacadh, níos sia ná ***2 sheachtain*** ón dáta ar ar cuireadh an duine faoi choinneáil.
	Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 3 – fomhír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil de bhun an Airteagail seo, féadfar an duine sin a aistriú ón mBallstát iarrthach nó ón mBallstát a thug an fógra chuig an mBallstát atá freagrach a luaithe a fhéadfar sin a dhéanamh go praiticiúil, agus ar a dhéanaí laistigh de ***4*** seachtaine:	I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil de bhun an Airteagail seo, féadfar an duine sin a aistriú ón mBallstát iarrthach nó ón mBallstát a thug an fógra chuig an mBallstát atá freagrach a luaithe a fhéadfar sin a dhéanamh go praiticiúil, agus ar a dhéanaí laistigh de ***12*** seachtaine:
	Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 3 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás nach ndéanann an Ballstát iarrthach nó an Ballstát a thug an fógra na teorainneacha ama a chomhlíonadh ***maidir le hiarraidh a dhéanamh duine a ghabháil ar láimh nó fógra faoi ghabháil ar ais a thabhairt, nó cinneadh aistrithe a dhéanamh laistigh den teorainn ama*** a leagtar síos in Airteagal 32(1), nó i gcás nach ndéantar an t-aistriú taobh istigh den tréimhse ***4*** seachtaine dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo, ní dhéanfar an duine sin a choinneáil níos mó. Beidh feidhm fós ag Airteagail 29, 31 agus 35 dá réir.	I gcás ina mainníonn ar Bhallstát iarrthach nó ar an mBallstát a thugann fógra***, ar chúiseanna nach féidir a thuar,*** na spriocdhátaí a leagtar síos in ***Airteagal 29(1) nó*** in Airteagal 32(1) a chomhlíonadh nó i gcás nach ndéanfar an t-aistriú taobh istigh den tréimhse ***12*** seachtaine dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo, ní dhéanfar an duine sin a choinneáil níos mó. Beidh feidhm fós ag Airteagail 29, 31 agus 35 dá réir.

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le haistriú iarratasóra nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d) ón mBallstát iarrthach, nó ón mBallstát a thugann an fógra, chuig an mBallstát atá freagrach, déanfar é a chur i gcrích i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh nó an Bhallstáit a thugann an fógra, tar éis comhairliúcháin idir na Ballstáit lena mbaineann, a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí tar éis do Bhallstát eile glacadh leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh, nó tar éis dó an fógra faoi ghabháil ar ais a dheimhniú, nó laistigh de 6 mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir le hachomharc nó	Maidir le haistriú iarratasóra nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 26(1), pointe (b), (c) nó (d) ón mBallstát iarrthach, nó ón mBallstát a thugann an fógra, chuig an mBallstát atá freagrach, déanfar é a chur i gcrích i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh nó an Bhallstáit a thugann an fógra, tar éis comhairliúcháin idir na Ballstáit lena mbaineann, a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí tar éis do Bhallstát eile glacadh leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh, nó tar éis dó an fógra faoi ghabháil ar ais a dheimhniú, nó laistigh de 6 mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir le hachomharc nó

maidir le hathbhreithniú ar chinneadh aistrithe i gcás ina mbeadh éifeacht fionraíochta ann i gcomhréir le hAirteagal 33(3). Féadfar an teorainn ama sin a fhadú go dtí 1 bhliain amháin ar a mhéid más rud é nach féidir an t-aistriú a chur i gcrích toisc an duine lena mbaineann a bheith i bpríosún.	maidir le hathbhreithniú ar chinneadh aistrithe i gcás ina mbeadh éifeacht fionraíochta ann i gcomhréir le hAirteagal 33(3). Féadfar an teorainn ama sin a fhadú go dtí 1 bhliain amháin ar a mhéid más rud é nach féidir an t-aistriú a chur i gcrích toisc an duine lena mbaineann a bheith i bpríosún nó neamhchomhlíontact ***an duine sin leis an gcinneadh aistrithe***.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Aon fhaisnéis a bheidh riachtanach chun coimirce a thabhairt do chearta agus do riachtanais speisialta láithreacha an duine atá le haistriú, tabharfaidh an Ballstát a ***dhéanfaidh an t-aistriú*** an fhaisnéis sin don Bhallstát atá freagrach, agus go háirithe:	2. Aon fhaisnéis a bheidh riachtanach chun coimirce a thabhairt do chearta agus do riachtanais speisialta láithreacha an duine atá le haistriú, déanfaidh an Ballstát ***iarrthach nó*** an Ballstát ***a thugann fógra*** an fhaisnéis sin a tharchur chuig an Ballstát atá freagrach, agus go háirithe: *(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs.)*

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás mionaoiseach, faisnéis faoina gcuid scolaíochta;	(c) i gcás mionaoiseach, ***measúnú ar leas an linbh agus*** faisnéis ***mar atá leagtha amach in Airteagal 13, lena n-áirítear*** faoina gcuid scolaíochta;

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) aon fhaisnéis ábhartha eile.

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) cinneadh um fhilleadh a chur chun feidhme

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ar choinníoll go mbeidh gá leis don scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, féadfaidh an Ballstát atá freagrach iarraidh ar Bhallstát eile é a chur ar an eolas faoi na forais ar a mbeidh a iarratas bunaithe ag an iarratasóir agus, i gcás inarb infheidhme, faoi fhorais aon chinnidh a glacadh i leith an iarratasóra. Féadfaidh an Ballstát eile diúltú freagra a thabhairt ar an iarraidh a tarchuireadh chuige, más dóigh go ndéanfaí dochar dá leasanna riachtanacha nó do chosaint shaoirsí agus chearta bunúsacha an duine lena mbaineann nó daoine eile tríd an	3. Ar choinníoll go mbeidh gá leis don scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, féadfaidh an Ballstát atá freagrach iarraidh ar Bhallstát eile é a chur ar an eolas faoi na forais ar a mbeidh a iarratas bunaithe ag an iarratasóir agus, i gcás inarb infheidhme, faoi fhorais aon chinnidh a glacadh i leith an iarratasóra. ***Déanfar faisnéis a chomhroinnt tríd an Líonra DubliNet, arna bhunú ag Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003.[59a] ón gCoimisiún*** Féadfaidh an Ballstát eile diúltú freagra a thabhairt ar an iarraidh a tarchuireadh chuige, más dóigh go

bhfaisnéis sin a thabhairt. ***Ar aon nós, beidh páirtiú na*** faisnéise a iarradh ***faoi réir fhormheas i scríbhinn an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta, a gheobhaidh*** an Ballstát iarrthach. ***Sa chás sin, ní mór don iarratasóir bheith eolach ar an bhfaisnéis shonrach a mbeidh sé nó sí ag tabhairt formheasa ina leith***.

ndéanfaí dochar dá leasanna riachtanacha nó do chosaint shaoirsí agus chearta bunúsacha an duine lena mbaineann nó daoine eile tríd an bhfaisnéis sin a thabhairt. ***Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas roimh ré faoin bhfaisnéis shonrach*** a d'iarr an Ballstát iarrthach ***agus an chúis a bhí leis an iarraidh***.

[59a] Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2003 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír, (IO L 222, 5.9.2003, lch. 3)

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann líonra de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 41(1) agus éascóidh sí gníomhaíochtaí an líonra sin, d'fhonn feabhas a chur ar chomhar praiticiúil agus comhroinnt faisnéise i leith gach ábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ceapadh uirlisí praiticiúla agus treoir.	Bunóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann líonra ***nó líonraí*** de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 41(1) agus éascóidh sí gníomhaíochtaí an líonra nó na líonraí sin, d'fhonn feabhas a chur ar chomhar praiticiúil agus comhroinnt faisnéise i leith gach ábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ceapadh uirlisí praiticiúla agus treoir. ***Déanfar ionadaíocht sna líonraí sin ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus ar chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid***

	an Aontais nuair is gá.

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le rannchuidithe dlúthpháirtíochta chun leas Ballstáit atá faoi bhrú imirce ***nó atá faoi réir theacht i dtír daoine i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála***, is iad na cineálacha seo a leanas a bheidh i gceist leo:	1. Maidir le rannchuidithe dlúthpháirtíochta chun leas Ballstáit atá faoi bhrú imirce is iad na cineálacha seo a leanas a bheidh i gceist leo:

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) an cinneadh ó Bhallstát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú de bhun Airteagal 25.

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 46	***scriosta***

Fóram Dlúthpháirtíochta

Is iad na Ballstáit uile a bheidh san Fhóram Dlúthpháirtíochta. Tionólfaidh an Coimisiún an Fóram Dlúthpháirtíochta agus beidh sé i gceannas air chun feidhmiú rianúil an Choda seo a áirithiú.

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid na himirce i mBallstát ***sna cásanna seo a leanas:***	1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid na himirce i mBallstát ***tar éis fógra a fháil i gcomhréir le hAirteagal 6c.*** ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar staid na himirce i mBallstát má mheasann sé, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, go bhféadfadh Ballstát a bheith faoi bhrú imirce.***

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ina mbeidh Ballstát tar éis a chur in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil sé féin faoi bhrú imirce;	***scriosta***

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, ina measann sé go bhféadfadh Ballstát a bheith faoi bhrú imirce.	***scriosta***

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnamh don Choimisiún measúnú ar bhrú imirce a tharraingt suas. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit ar an eolas***,*** ***gan mhoill,*** go bhfuil sé ag tabhairt faoi mheasúnú.	2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnamh don Choimisiún measúnú ar bhrú imirce a tharraingt suas. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit ar an eolas ***láithreach***, go bhfuil sé ag tabhairt faoi mheasúnú.

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cumhdófar leis an measúnú ar bhrú imirce an staid sa Bhallstát lena mbaineann le linn na 6 mhí roimhe sin, i gcomparáid leis an staid fhoriomlán san Aontas, agus beidh sé bunaithe ***go háirithe*** ar an bhfaisnéis ***seo a leanas***:	3. Cumhdófar leis an measúnú ar bhrú imirce an staid sa Bhallstát lena mbaineann le linn na 6 mhí roimhe sin, i gcomparáid leis an staid fhoriomlán san Aontas, agus beidh sé bunaithe go háirithe ar an bhfaisnéis ***dá dtagraítear in Airteagal 4b(1), an dara fomhír, lena n-áirítear an fhaisnéis a bailíodh tríd an bhfaireachán a rinne an Ghníomhaireacht um Thearmann.***

Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh tríú tír agus náisiúntacht na n-iarratasóirí;	***scriosta***

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) líon na náisiúnach tríú tír ar bhraith údaráis Bhallstáit iad agus gan na coinníollacha iontrála, coinníollacha an fhanachta nó coinníollacha cónaithe sa Bhallstát á gcomhlíonadh, nó gan iad á gcomhlíonadh a thuilleadh, lena n-áirítear rófhantóirí de réir bhrí Airteagal 3(1)(19) ó Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] ;	***scriosta***

[58] Rialachán (AE) Uimh. 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, IO L 327, 9.12.2017, lch. 20.

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) líon cinntí um fhilleadh lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE;	***scriosta***

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) líon náisiúnach tríú tír a d'fhág críoch na mBallstát i ndiaidh cinneadh um fhilleadh lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE;	***scriosta***

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) líon náisiúnach tríú tír a ligeadh isteach ag Ballstáit trí scéimeanna athshuíomh an Aontais agus scéimeanna athshuíomh náisiúnta [nó trí scéimeanna le haghaidh ligean isteach daonnúil];	***scriosta***

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) líon iarrataí ar ghabháil ar láimh atá ag teacht isteach agus ag imeacht agus fógraí faoi ghabháil ar ais i gcomhréir le hAirteagal 34 agus 36;	***scriosta***

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) líon na n-aistrithe a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 31;	***scriosta***

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) líon na ndaoine a gabhadh i dtaca leis an teorainn sheachtrach talún, mara nó aeir a thrasnú go neamhrialta;	***scriosta***

Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) líon na ndaoine ar diúltaíodh cead isteach dóibh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán AE (Uimh.) 2016/399;	***scriosta***

Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) líon agus náisiúntacht náisiúnach tríú tír a dhíbhordáil i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, lena n-áirítear líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta;	***scriosta***

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) líon na mionaoiseach neamhthionlactha.	***scriosta***

Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

4. Leis an measúnú ar bhrú imirce, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:	***scriosta***
(a) an fhaisnéis a chuireann an Ballstát i láthair, i gcás ina ndéantar measúnú de bhun mhír 1, pointe (a);	
(b) leibhéal an chomhair maidir le himirce le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais, tíortha an chéad tearmainn, agus tríú tíortha sábháilte mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn];	
(c) an staid gheopholaitiúil i dtríú tíortha ábhartha a fhéadfaidh difear a dhéanamh do ghluaiseachtaí imirceacha;	
(d) na Moltaí ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[59] ón gComhairle, in Airteagail 13, 14 agus 22 de Rialachán (AE) XXX/XXX [Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] agus in Airteagal 32(7) de Rialachán (AE) 2019/1896;	
(e) faisnéis arna bailiú de bhun Moladh ón gCoimisiún an XXX maidir le sásra an Aontais Eorpaigh um Ullmhacht agus um Bhainistiú Géarchéime a bhaineann le hImirce (Treoirphlean Ullmhachta agus Bainistithe Imirce)	
(f) an Tuarascáil maidir le Bainistiú Imirce dá dtagraítear in Airteagal 6(4);	
(g) na tuarascálacha Comhtháite um Fheasacht agus Anailís ar an Suíomh (ISAA) faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle maidir le Socruithe Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna, ar choinníoll go gcuirtear Socruithe Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna nó an tuarascáil um Fheasacht Staide Imirce agus Anailís a eisítear faoin gcéad chéim den Treoirphlean Ullmhachta um an Imirce agus Géarchéimeanna i ngníomh, i gcás	

nach gcuirtear Freagairt Chomhtháite an Aontais ar Ghéarchéim Pholaitiúil i ngníomh;

(h) faisnéis ón bpróiseas tuairiscithe léirscaoilte víosaí agus ó idirphlé le tríú tíortha;

(i) feasacháin ráithiúla maidir le himirce, agus tuarascálacha eile, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

(j) an tacaíocht a sholáthraíonn Gníomhaireachtaí an Aontais don Bhallstát is tairbhí.

---

[59] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen, IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le brú imirce faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 1 mhí amháin tar éis don Choimisiún iad a chur ar an eolas go raibh measúnú ***de bhun Airteagal 50(2) á dhéanamh*** aige.	Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le brú imirce faoi bhráid an Bhallstát lena mbaineann, Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 1 mhí amháin tar éis don Choimisiún iad a chur ar an eolas ***i gcomhréir le hAirteagal 50(2)*** go raibh measúnú ***á dhéanamh*** aige. ***I gcás ina bhfuil gá le mearfhreagairt mar gheall ar staid atá ag teacht chun cinn sa***

	Bhallstát lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún a thuarascáil a thíolacadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta ar ar chuir sé Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit ar an eolas de bhun Airteagal 50(2) go raibh measúnú á dhéanamh aige.

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 3 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b) ***agus (c)*** a bheidh le déanamh ag na Ballstáit eile;	(ii) bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b)***, (c) agus (d)*** a bheidh le déanamh ag na Ballstáit eile;

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil gá le mearfhreagairt mar gheall ar staid atá ag teacht chun cinn i mBallstát, déanfaidh sé a thuarascáil a thíolacadh laistigh de 2 sheachtain ar a dhéanaí ón dáta ar ar chuir sé Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit ar an eolas de bhun Airteagal 50(2) go raibh measúnú á dhéanamh aige.	***scriosta***

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an tátal nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann faoi bhrú imirce, measfaidh sé go bhfuil an Ballstát lena mbaineann i mbaol brú imirce, agus cuirfidh sé an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6b den Rialachán seo i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina léireofar sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51 go bhfuil Ballstát faoi bhrú imirce, rannchuideoidh na Ballstáit eile nach Ballstáit is tairbhí iad féin trí bhíthin na rannchuidithe dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b) ***agus (c)***. Tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht d'athshocrú mionaoiseach neamhthionlactha.	1. I gcás ina léireofar sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51 go bhfuil Ballstát faoi bhrú imirce, rannchuideoidh na Ballstáit eile nach Ballstáit is tairbhí iad féin trí bhíthin na rannchuidithe dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b)***, (c) agus (da)***. Déanfaidh na Ballstáit***, i gcás inar gá,*** tosaíocht a thabhairt d'athshocrú mionaoiseach neamhthionlactha ***agus do dhaoine leochaileacha eile***.

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

2. I gcás ina sainaithnítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51 bearta dá dtagraítear i ***mír 3***, pointe ***(b)(iii) den Airteagal sin***, féadfaidh na Ballstáit eile rannchuidiú trí bhíthin na mbeart sin ***in ionad bearta dá dtagraítear in Airteagal 51(3)(b)(ii). De shiocair*** na mbeart sin, ***ní bheidh ann do bhearna ar mó í ná 30 % de na rannchuidithe iomlána a shainaithnítear sa tuarascáil maidir le brú imirce faoi*** Airteagal 5***1(3)(b)(ii)***.	2. I gcás ina sainaithnítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51 bearta dá dtagraítear in ***Airteagal 45(1)***, pointe ***(d)***, féadfaidh na Ballstáit eile rannchuidiú trí bhíthin na mbeart sin***, ar choinníoll go mbeidh an tionchar céanna ag na*** bearta sin ***agus a bheidh ag bearta a rinneadh i gcomhréir le*** hAirteagal ***45(1), pointe (a), (b), (c) agus (da)***.
	Or. en

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Laistigh de choicís ó ***ghlacadh na tuarascála*** dá dtagraítear in Airteagal ***51***, cuirfidh Ballstáit Plean Freagartha Dlúthpháirtíochta faoi bhráid an Choimisiúin tríd an bhfoirm in Iarscríbhinn II a chomhlánú. Sonrófar sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta cineál na rannchuidithe as a measc sin a leagtar amach in Airteagal ***51(3)(b)(ii) nó, i gcás inarb ábhartha, na bearta a leagtar amach in Airteagal 51(3)(b)(iii)*** a bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit a dhéanamh. I gcás ina mbeartaíonn na Ballstáit níos mó ná cineál amháin rannchuidithe a leagtar amach in Airteagal ***51(3)(b)(ii)***, cuirfidh siad sciar gach ceann in iúl.	Laistigh de 2 sheachtain ***ón bhfógra*** dá dtagraítear in Airteagal ***50(2)*** a fháil, déanfaidh na Ballstáit Plean Freagartha Dlúthpháirtíochta a thíolacadh chuig an gCoimisiúin tríd an bhfoirm in Iarscríbhinn II a chomhlánú. Sonrófar sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta cineál na rannchuidithe as a measc sin a leagtar amach in Airteagal ***45(1)*** a bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit a dhéanamh. I gcás ina mbeartaíonn na Ballstáit níos mó ná cineál amháin rannchuidithe a leagtar amach in Airteagal ***45(1)***, cuirfidh siad sciar gach ceann in iúl.
	Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina gcuirtear san áireamh sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta urraíocht um fhilleadh, sonróidh Ballstáit náisiúntachtaí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann a bhfuil beartaithe acu urraíocht a thabhairt dóibh.	I gcás ina gcuirtear san áireamh sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta urraíocht um fhilleadh, sonróidh Ballstáit náisiúntachtaí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann a bhfuil sé beartaithe acu urraíocht a thabhairt dóibh***, agus an bhfuil sé ar intinn acu urraíocht a thabhairt do na náisiúnaigh tríú tír sin ina gcríoch féin nó i gcríoch an Bhallstáit is tairbhí***.

Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina gcuirfidh Ballstáit bearta a leagtar amach in Airteagal ***51(3)(b)(iii)*** in iúl sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta, cuirfidh siad in iúl chomh maith socruithe mionsonraithe agus an t-achar ama le haghaidh a gcur chun feidhme.	I gcás ina gcuirfidh Ballstáit bearta a leagtar amach in Airteagal ***45(1) pointe (d)*** in iúl sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta, cuirfidh siad in iúl chomh maith socruithe mionsonraithe agus an t-achar ama le haghaidh a gcur chun feidhme.

Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfreagraíonn na rannchuidithe dlúthpháirtíochta a chuirtear in iúl sna Pleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta do na riachtanais a shainaithnítear sa	4. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfreagraíonn na rannchuidithe dlúthpháirtíochta a chuirtear in iúl sna Pleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta do na riachtanais a shainaithnítear sa

tuarascáil maidir le brú imirce dá bhforáiltear in Airteagal 51, ***tionólfaidh*** sé ***an Fóram Dlúthpháirtíochta. Sna cásanna sin, iarrfaidh an Coimisiún*** ar na Ballstáit cineál na rannchuidithe ina bPleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta a choigeartú ***le linn an Fhóraim Dlúthpháirtíochta trí Phleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta athbhreithnithe a thíolacadh***.	tuarascáil maidir le brú imirce dá bhforáiltear in Airteagal 51, iarrfaidh sé ar ***na*** Ballstáit cineál na rannchuidithe ina bPleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta a choigeartú. ***Déanfaidh an Coimisiún na bearta atá ar fáil dó a mheas chun éascú a dhéanamh ar coigeartú rannchuidithe deonacha na mBallstát.***
	Or. en

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Féadfaidh Ballstát, a mholann ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta a leagtar amach in Airteagal ***51(3)(b)(ii),*** laghdú 10 % ar a sciar a iarraidh a ríomhfar de réir an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54 i gcás ina gcuireann sé in iúl sna Pleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta gur scrúdaigh i gcaitheamh na ***5*** bliana roimhe sin dhá oiread meán-iarratas an Aontais per capita ar chosaint idirnáisiúnta.	5. Féadfaidh Ballstát, a mholann ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta a leagtar amach in Airteagal ***45(1)*** laghdú 10 % ar a sciar a iarraidh a ríomhfar de réir an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54 i gcás ina gcuireann sé in iúl sna Pleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta gur scrúdaigh sé i gcaitheamh na ***10*** mbliana roimhe sin dhá oiread meán-iarratas an Aontais per capita ar chosaint idirnáisiúnta.
	Or. en

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	5a. Glacfar an Plean Freagartha Dlúthpháirtíochta laistigh de 1 mhí amháin ón tráth a dhéanfar an tuarascáil ar bhrú imirce dá dtagraítear in Airteagal 51 a thíolacadh chuig an mBallstát lena mbaineann, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Chomhairle.

Or. en

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Laistigh de 2 sheachtain ó chur isteach na bPleananna Freagartha Dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 52(3) nó, i gcás ina dtionólfar an Fóram Dlúthpháirtíochta de bhun Airteagal 52(4), laistigh de 2 sheachtain ó dheireadh an Fhóraim Dlúthpháirtíochta, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos na rannchuidithe dlúthpháirtíocht chun tairbhe an Bhallstáit atá faoi bhrú imirce a bheidh le déanamh ag na Ballstáit eile agus an t-achar ama lena gcur chun feidhme.	***scriosta***

Or. en

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfreagraíonn na ranníocaíochtaí coigeartaithe dlúthpháirtíochta do na

	riachtanais a shainaithnítear sa tuarascáil maidir le brú imirce dá bhforáiltear in Airteagal 51, agus nach nglacann an Ballstát lena mbaineann leis na rannchuidithe deonacha coigeartaithe, leagfaidh sé amach rannchudithe dlúthpháirtíochta na mBallstát le haghaidh na riachtanas atá fágtha i ngníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 67(1a).

Or. en

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inarb é an cineál rannchuidithe a chuireann na Ballstáit in iúl ina bpleananna freagartha dlúthpháirtíochta an cineál dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (d), measfaidh an Coimisiún an bhfuil na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na rannchuidithe a dhéanfadh na Ballstáit trí bhíthin na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (a), (b) ***nó (c)*** mar thoradh ar chur i bhfeidhm an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54.	I gcás inarb é an cineál rannchuidithe a chuireann na Ballstáit in iúl ina bpleananna freagartha dlúthpháirtíochta an cineál dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (d), measfaidh an Coimisiún an bhfuil na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na rannchuidithe a dhéanfadh na Ballstáit trí bhíthin na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (a), (b)***, (c) nó (da)*** mar thoradh ar chur i bhfeidhm an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54.

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

I gcás nach bhfuil na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na rannchuidithe a dhéanfadh an Ballstát is rannchuiditheoir trí bhíthin na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b), nó (c), leagfaidh an Coimisiún amach sa ghníomh cur chun feidhme na bearta atá beartaithe agus déanfaidh sé a leibhéal a choigeartú.	I gcás nach bhfuil na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na rannchuidithe a dhéanfadh an Ballstát is rannchuiditheoir trí bhíthin beart dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b), nó (c), ***nó (da),*** leagfaidh an Coimisiún amach sa ghníomh cur chun feidhme na bearta atá beartaithe agus déanfaidh sé a leibhéal a choigeartú.

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 2 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inarbh ann, de shiocair na mbeart atá beartaithe, d'easnamh ar mó é ná 30 % de líon iomlán na mbeart dlúthpháirtíochta a shainaithnítear sa tuarascáil maidir le brú imirce faoi Airteagal 51(3)(b)(ii), déanfar na rannchuidithe a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme a choigeartú ionas go mbeidh sé de cheangail ar na Ballstáit sin a chuireann bearta den sórt sin in iúl 50 % dá sciar a chumhdach a ríomhfar de réir an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54 trí bhearta a leagtar amach in Airteagal 51(3)(b)(ii). Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 51(3)(b)(iii), arna gcur in iúl ag na Ballstáit sin dá réir sin, déanfaidh an Coimisiún iad a choigeartú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Leagfar amach an méid seo a leanas sa ghníomh cur chun feidhme:	3. ***Cuirfear i gcuntas*** sa ghníomh cur chun feidhme ***acmhainneacht agus riachtanais na mBallstát is tairbhí i réimse an tearmainn a shainaithnítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51 agus*** leagfar amach an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***líon iomlán*** na ndaoine le hathshuíomh ón mBallstát iarrthach de bhun Airteagal 45(1), pointí (a) nó (c)***, agus inniúlacht agus riachtanais an Bhallstáit iarrthaigh i réimse tearmainn a sainaithníodh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51(3)(b)(ii) á chur i gcuntas***;	(a) ***leithdháileadh*** na ndaoine atá le hathshuíomh ón mBallstát iarrthach de bhun Airteagal 45(1), pointí (a) nó (c);

Or. en

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***líon iomlán*** na ndaoine le bheith faoi réir urraíocht um fhilleadh ón mBallstát iarrthach de bhun Airteagal 45(1), pointe (b)***, agus acmhainneacht agus riachtanais an Bhallstáit iarrthaigh maidir le filleadh a sainaithnítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51(3)(b)(ii) á chur i gcuntas***;	(b) ***leithdháileadh*** na ndaoine le bheith faoi réir urraíocht um fhilleadh ón mBallstát iarrthach de bhun Airteagal 45(1), pointe (b);

Or. en

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) dáileadh na ndaoine le hathshuíomh agus/nó iad siúd le bheith faoi réir urraíocht um fhilleadh i measc na mBallstát lena n-áirítear an Ballstát is tairbhí, ar bhonn an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54;	***scriosta***

Or. en

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) líon iomlán na n-iarratas ar chosaint idirnáisúnta atá le scrúdú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 45(1), pointe (da);

Or. en

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar an dáileadh dá dtagraítear i mír ***3 pointe (c)*** a choigeartú i gcás ina léiríonn Ballstát, a dhéanfaidh iarraidh de bhun Airteagal 52(5), sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta go raibh sé freagrach i gcaitheamh na ***5*** bliana roimhe sin as dhá oiread meán-iarratas an Aontais per capita	Déanfar an dáileadh dá dtagraítear ***sa chéad fhomhír den mhír seo*** a choigeartú i gcás ina léiríonn Ballstát, a dhéanfaidh iarraidh de bhun Airteagal 52(5), sa Phlean Freagartha Dlúthpháirtíochta go raibh sé freagrach i gcaitheamh na ***10*** mbliana roimhe sin as dhá oiread meán-iarratas an

ar chosaint idirnáisiúnta. I gcásanna den sórt sin, gheobhaidh an Ballstát laghdú 10 % dá sciar de réir an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54. Déanfar an laghdú a dháileadh go comhréireach i measc na mBallstát a dhéanann ranníocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b) ***agus (c);***	Aontais per capita ar chosaint idirnáisiúnta. I gcásanna den sórt sin, gheobhaidh an Ballstát laghdú 10 % dá sciar de réir an scála cionroinnte a leagtar amach in Airteagal 54. Déanfar an laghdú a dháileadh go comhréireach i measc na mBallstát a dhéanann ranníocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointí (a), (b)***, (c) agus (da).***

Or. en

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh Ballstát tacaíocht a ghealladh do Bhallstát maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh trí bhíthin urraíocht um fhilleadh, ag gníomhú dó i ndlúthchomhar leis an mBallstát is tairbhí, glacfaidh sé bearta chun filleadh na náisiúnach tríú tír ó chríoch an Bhallstáit is tairbhí a chomhlíonadh.	1. Féadfaidh Ballstát tacaíocht a ghealladh do Bhallstát maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh trí bhíthin urraíocht um fhilleadh, ag gníomhú dó i ndlúthchomhar leis an mBallstát is tairbhí, glacfaidh sé bearta chun filleadh na náisiúnach tríú tír ó chríoch an Bhallstáit is tairbhí a chomhlíonadh***, bíodh sin óna chríoch féin nó*** ó chríoch an Bhallstáit is tairbhí.

Or. en

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Chun éascú a dhéanamh ar an urraíocht um fhilleadh déanfaidh an Ballstát is rannchuiditheoir an cinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag an mBallstát is tairbhí a aithint go

frithpháirteach.

Or. en

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina ngeallann Ballstát urraíocht um fhilleadh a sholáthar agus i gcás nach bhfilleann náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach atá faoi réir cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstáit nó i gcás nach n-aistrítear na náisiúnaigh sin laistigh de 8 mí, aistreoidh an Ballstát a sholáthraíonn urraíocht um fhilleadh na daoine lena mbaineann chuig a chríoch féin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 57 agus in Airteagal 58. Tosóidh an tréimhse sin ón lá ar a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 53(1) nó, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 49(2).	2. I gcás ina ngeallann Ballstát urraíocht um fhilleadh a sholáthar ***ar chríoch an Bhallstáit is tairbhí*** agus i gcás nach bhfilleann náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach atá faoi réir cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstáit nó i gcás nach n-aistrítear na náisiúnaigh sin laistigh de 8 mí, aistreoidh an Ballstát a sholáthraíonn urraíocht um fhilleadh na daoine lena mbaineann chuig a chríoch féin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 57 agus in Airteagal 58. Tosóidh an tréimhse sin ón lá ar a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 53(1) nó, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 49(2).

Or. en

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 4 – fomhír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) aon ghníomhaíochtaí eile arna n-iarraidh sin don Bhallstát is tairbhí chun éascú a dhéanamh ar fhilleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Beidh an Ballstát is rannchuiditheoir in ann cúnamh a iarraidh ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2019/1896.

Or. en

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 57 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh an Ballstát is tairbhí nach bhfuil forais réasúnacha ann chun an duine lena mbaineann a mheas mar bhaol do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí ***an Bhallstáit sin***, sula gcuirfear an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm. Má tá forais réasúnacha ann chun an duine a mheas mar bhaol do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí, ní chuirfidh an Ballstát is tairbhí an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm ***agus déanfaidh an Ballstát is tairbhí, i gcás inarb infheidhme, an duine a eisiamh ón liosta dá dtagraítear in Airteagal 49(2)***.	2. Áiritheoidh an Ballstát is tairbhí nach bhfuil forais réasúnacha ann chun an duine lena mbaineann a mheas mar bhaol ***dá*** shlándáil náisiúnta nó ord poiblí sula gcuirfear an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm. Má tá forais réasúnacha ann chun an duine a mheas mar bhaol do shlándáil náisiúnta nó d'ord poiblí, ní chuirfidh an Ballstát is tairbhí an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 57 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbeidh athshocrú le cur i bhfeidhm, aithneoidh an Ballstát is tairbhí na daoine arbh fhéidir iad a athshuíomh. I gcás gur iarratasóir é an duine lena mbaineann ar nó gur tairbhí de chosaint idirnáisiúnta é, cuirfidh an Ballstát sin san áireamh, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil naisc fhiúntacha ann idir an duine lena mbaineann agus Ballstát ***an athshuímh***. I gcás gur tairbhí é an duine a shainaithnítear de chosaint idirnáisiúnta, déanfar an duine lena mbaineann a athshocrú ach amháin tar éis don duine sin toiliú i scríbhinn leis an athshuíomh.	I gcás ina mbeidh athshocrú le cur i bhfeidhm, aithneoidh an Ballstát is tairbhí na daoine arbh fhéidir iad a athshuíomh. I gcás gur iarratasóir é an duine lena mbaineann ar nó gur tairbhí de chosaint idirnáisiúnta é, cuirfidh an Ballstát sin san áireamh, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil naisc fhiúntacha ann idir an duine lena mbaineann agus an Ballstát ***is rannchuiditheoir***. I gcás gur tairbhí é an duine a shainaithnítear de chosaint idirnáisiúnta, déanfar an duine lena mbaineann a athshocrú ach amháin tar éis don duine sin toiliú i scríbhinn leis an athshuíomh. *(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs.)*

Or. en

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inar ***athshocraigh Ballstát*** an athshocraithe iarratasóir nár cinneadh an Ballstát atá freagrach as go fóill, cuirfidh an Ballstát ***sin*** na nósanna imeachta a leagtar amach i gCuid III i bhfeidhm, cé is moite d'Airteagal 8(2), Airteagal 9(1) agus (2), Airteagal 15(5)***, agus Airteagal 21(1) agus (2).***	I gcás ina ***mbaineann*** an t-athshocrú le hiarratasóir nár cinneadh an Ballstát atá freagrach as go fóill, cuirfidh an Ballstát ***is rannchuiditheoir*** na nósanna imeachta a leagtar amach i gCuid III i bhfeidhm, cé is moite d'Airteagal 8(2), Airteagal 9(1) agus (2), ***agus*** Airteagal 15(5).

Or. en

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 67 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Or. en

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoi [18 mí tar éis teacht i bhfeidhm] agus ar ***bhonn bliantúil ina dhiaidh sin***, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú ***na mbeart a leagtar amach i gCaibidlí I-III de Chuid IV*** den Rialachán seo.	Faoi ... [18 mí tar éis teacht i bhfeidhm] agus ***gach 2 bhliain ina dhiaidh sin***, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú an Rialacháin seo. ***Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.***

Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[3 bliana tar éis teacht i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún tuairisciú ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo.]	***scriosta***

Or. en

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tráth nach luaithe ná [***5***] bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialachán seo, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún Tuarascáil maidir leis na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú a thabhairt don Choimisiún, ar a dhéanaí 6 mhí roimh dhul in éag don teorainn ama [5] bliana sin.	Tráth nach luaithe ná [***3***] bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialachán seo, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún Tuarascáil maidir leis na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú a thabhairt don Choimisiún, ar a dhéanaí 6 mhí roimh dhul in éag don teorainn ama [5] bliana sin.

Or. en

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 69a
	Cúnamh maidir le faireachán
	1. Tabharfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann cúnamh don Choimisiún maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air. Bainfidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann úsáid as líonraí atá ann cheana nó cruthóidh sí líonraí nua chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a chomhordú le húdaráis inniúla na mBallstát.
	2. I gcás inarb infheidhme, iarrfar ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus ar chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid

an Aontais a bheith rannpháirteach sna líonraí sin.

Or. en